

Oifig an  **Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí**
Office of the **Director of Public Prosecutions**

Tuarascáil Bhliantúil 2021

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Bóthar na hOtharlainne
Baile Átha Cliath 7
D07 FHN8


 +353 1 858 8500

 +353 1 642 7406

 www.dppireland.ie

CLÁR ÁBHAIR

Réamhrá	5
2021 Sracfhéachaint	7
CUID 1: Forbhreathnú ar Obair na hOifige	8
1.1 Forbhreathnú ar Obair na hOifige	10
1.2 Struchtúr na hEagraíochta	11
1.3 Próiseas Ionchúisimh Choiriúla in Éirinn	12
CUID 2: Achoimre ar Chomhaid a Fuarthas & ar Thorthaí	13
2.1 Comhaid Ionchúisimh a Fuarthas	15
2.2 Torthaí na gCásanna arna n-Ionchúiseamh Díotáil	22
2.3 Iarratais chuig na Cúirteanna	34
2.4 Barántais Ghabhála Eorpacha agus Eiseachadadh	38
2.5 Cúnamh Dlí Frithpháirteach	40
CUID 3: Cora Nua i gCúrsaí Dlí	41
3.1 Cora Nua i gCúrsaí Dlí 2021	42
3.2 Íospartaigh Coireachta	47
3.3 Rannpháirtíocht agus For-rochtain Sheachtrach	51
CUID 4: Riarachán Oifige	54
4.1 Caitechas na hOifige	55
4.2 Sliocht as an gCuntas Leithreasa 2020	58
4.3 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997	59
4.4 Saoráil Faisnéise	60
4.5 Dualgas um Chomhionannais & Cearta Daonna na hEarnála Poiblí	61
4.6 Tuarascáil Bhliantiúil faoi Éifeachtúlacht Fuinnimh 2021	63
4.7 Acht na dTeangacha Oifigiúla	65



RÉAMHRÁ

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2021 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a chur i láthair, ina sonraítear raon agus méid éagsúil na hoibre a rinneadh ar fud na hOifige i rith na bliana. Is í seo mo chéad Tuarascáil Bhliantúil ó ceapadh mé mar Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i mí na Samhna 2021. Is mór an onóir dom an seasamh tábhachtach seo agus tuigim go maith an fhreagracht atá i gceist leis. Táim tiomanta do sheirbhís ionchúisimh a sholáthar a bhfuil muinín mhuintir na hÉireann inti agus a bhfuil muinín aici as trí ardchaighdeán leanúnacha, neamhchlaontacht agus neamhspleáchas a chinntiú.

Le linn 2021, lean an tseirbhís ionchúisimh ag tabhairt aghaidh ar na dúshlán leanúnacha a chruthaigh paindéim Covid-19. Lean an fhoireann, aturnaetha stáit, abhcóidí, Gardaí agus gníomhaireachtaí imscrúdaithe eile orthu ag oiriúnú do thimpeallacht oibre atá ag athrú de shíor agus ag cur seirbhís riachtanach ar fáil i gcúinsí deacra, le riaradh éifeachtach an cheartais a chinntiú.

Ba am dúshlánach é seo do chóras ceartais choiriúil na hÉireann agus é ag dul i ngleic leis na riaráistí a tháinig chun cinn le linn na paindéime. Tuigim go rímhaith go bhfuil tionchar suntasach ag moilleanna a bhaineann leis na riaráistí sin ar íospartaigh, finnétithe agus daoine cúisithe atá ag fanacht le trialacha, nó nuair is gá trialacha a chur ar athráth. Tá iarrachtaí ar siúl chun aghaidh a thabhairt ar riaráistí sna Cúirteanna Coiriúla. Mar shampla, chabhraigh sannadh breithiúna breise chuig an bPríomh-Chúirt Choiriúil in 2021 go mór chun moill a chur ar ionchúisimh éignithe agus dúnmharaithe. Tá m'Oifig tiomanta do bheith ag comhoibriú lenár gcomhghleacaithe sna Cúirteanna agus ar fud an chórais ceartais choiriúil chun a chinntiú go bhfeidhmíonn an córas ar bhealach a thugann níos mó cinnteachta d'úsáideoirí seirbhíse laistigh de fhráma ama réasúnta.

Tháinig an tAcht um Nós Imeachta Choiriúil 2021, a dhéanann foráil d'éisteachtaí réamhthrialacha, i bhfeidhm i mBealtaine 2021. Foráiltear leis an Acht seo d'éisteachtaí reachtúla réamhthrialach chun bainistíocht cásanna níos fearr a éascú lena gcumasófar saincheisteanna dlí agus nós imeachta a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn trialach a aithint go luath. Táthar ag súil go n-éascóidh éisteachtaí réamhthrialacha, nuair a fheidhmítear iad go



comhsheasmhach, éifeachtúlacht agus go soláthróidh siad cinnteacht níos fearr do na páirtithe go léir a bhfuil baint acu le trialacha coiriúla.

Áirítear sa Tuarascáil seo anailís staitistiúil mhionsonraithe ar an obair a rinne m'Oifig in 2021. Mar a tugadh faoi deara inár dTuarascáil Bhliantúil roimhe seo, le blianta beaga anuas tá fás gan fasach ar líon na gcomhad a cuireadh faoi bhráid na hOifige, le méadú 23% ar líon iomlán na gcomhad a fuarthas sna trí bliana suas go dtí an tréimhse tuairiscithe seo. Lean an scéal seo ar aghaidh le linn 2021 le méadú 7% ar an mbliain roimhe sin. Tá castacht mhéadaithe feicthe againn freisin i go leor cásanna ag eascairt as an méadú ar líon na n-ábhar digiteach agus líon na saincheisteanna trasteorann idirnáisiúnta atá i gceist. Léirítear é seo i líon méadaithe na nllarras ar Chúnamh Dílíthiúil Frithpháirteach - treocht eile a lean ar aghaidh in 2021, le méadú 26% ar iarratais den sórt sin ón mbliain roimhe sin.

Lean líon na gcásanna foréigean baile a cuireadh faoi bhráid na hOifige ag fás freisin le linn 2021 agus méadú 36% ar chásanna den sórt sin á gcur isteach le haghaidh treorach. Chuireamar lenár seirbhís freisin maidir le cásanna foréigean teaghlaigh a ionchúiseamh os comhair na gCúirteanna Dúiche i mBaile Átha Cliath. Tháinig méadú suntasach freisin

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

ar líon foriomlán na n-ionchúiseamh Cúirte Dúiche ar dhéileáil an Oifig leo le linn 2021 go 1,752 cás, arb ionann é sin agus méadú 40% ar 2019.

In 2021, thosaigh an Oifig ag cur isteach ar Bharántais Gabhála faoin gComhaontú Trádála agus Comhair (CTC) nua leis an Ríocht Aontaithe a tháinig i bhfeidhm an 31 Nollaig 2020. I rith na bliana, d'eisigh an Ard-Chúirt 29 Barántais CTC dá leithéid tar éis iarratais ón Oifig seo.

In ainneoin an mhéadaithe ar líon na gcásanna, lean an Oifig ar aghaidh ag cur cinntí ar chásanna ar fáil go tráthúil, agus rinneadh 72% de chinntí laistigh de cheithre seachtaine tar éis comhad ionchúisimh comhlánaithe a fháil. Lean ár ngníomhaíochtaí seachtracha rannpháirtíochta agus for-rochtana go tapa freisin, le baill foirne ag glacadh páirte i raon leathan comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, líonraí agus coistí idirghníomhaireachta. Agus é á aithint gur deis luachmhar é oiliúint a chur ar fáil d'eagraíochtaí seachtracha chun dea-chleachtas a chur chun cinn in ionchúiseamh cionta coiriúla, chuir foireann dlí na hOifige oiliúint ar fáil freisin do roinnt gníomhaireachtaí lena n-áirítear An Garda Síochána, an Dlí-Chumann agus an Bord um Chúnadh Dlíthiúil.

I mí Aibreáin 2021, chuir an Oifig tús leis an gcéad chéim den Aonad um Chionta Gnéasacha, aonad tiomnaithe chun déileáil le cásobair cionta gnéasacha agus chun tacú le forbairt dea-chleachtais ag ár bhfoireann féin, aturnaetha stáit, abhcóidí agus na Gardaí. Le linn 2021, ghlac an t-aonad nua le hualach cásanna cionta gnéis a bhí ann cheana ón bPríomh-Chúirt Choiriúil agus ón gCúirt Chuarda i mBaile Átha Cliath.


Mar a leagtar amach thuas, léirigh fachtóirí éagsúla a tháinig chun solais le linn 2021 gan amhras cumas, athléimneacht agus cumas ár bhfoirne oiriúnú agus seachadadh. Le linn na tréimhse sin, leanamar ag infheistiú i bhforbairt agus i bhfoghlaim ár bhfoirne trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach, oiliúint agus tionscnaimh folláine.

I bhfianaise na n-éileamh leathan méadaithe ar ár nOifig, ba léir ag druidim le deireadh 2021 go raibh gá le hinfheistíocht bhreise i seirbhís ionchúisimh na hÉireann ionas go bhféadfaimis an tseirbhís is fearr agus is féidir a sholáthar ar an leibhéal ard gairmiúlachta céanna. Maidir leis sin, táim thar a bheith sásta gur éirigh linn méadú suntasach a fháil ar ár mbuiséad do 2023, agus beimid ag earcú foirne breise chun déileáil leis an méadú ar líon agus ar chastacht na hoibre. Cuirfidh na hacmhainní breise

seo ar ár gcumas ár spriocanna straitéiseacha a chur i bhfeidhm níos fearr sna blianta atá le teacht, mar atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2022-2024.

Leanfaimid le measúnú a dhéanamh ar ár riachtanais acmhainne agus déanfaimid iarracht coinneáil suas le forbairtí ar fud an chórais ceartais choiriúil, lena n-áirítear an obair atá ar siúl maidir le huimhreacha breithiúnacha agus cur i bhfeidhm na Tuarascála ar an gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann thiomanta m'Oifige, le haturnaetha stáit agus le habhcóidí as a n-athléimneacht maidir le freastal ar na héilimh shuntasacha a cuireadh orthu in 2021, agus as a rannchuidiú lenár misean a bhaint amach seirbhís ionchúisimh atá cothrom, neamhspleách agus éifeachtach a sholáthar do mhuintir uile na hÉireann.



Catherine Pierse
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Samhain 2022

2021 Sracfhéachaint



219

Líon iomlán na foirne



18,256

Líon iomlán na gcomhad ionchúisimh a fuarthas in 2021



652

Líon na n-iarratas ar chúiseanna le cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh

23%

Méadú ar chomhaid le 3 bliana anuas



€44.47m

Costas iomlán an tSeirbhís Ionchúisimh a sholáthar



€6.5m

Méid a gnóthaíodh ó fháltais choireachta agus a tugadh ar ais chuig cistí poiblí

26%

Méadú ar Chomhar Dlíthiúil/Iarratais ar Chúnamh Frithpháirteach



33+

Líon na líonraí agus grúpaí oibre náisiúnta/ idirnáisiúnta a nglacann an fhoireann páirt iontu



72%

Céatadán na gcásanna ar a ndéantar cinneadh laistigh de cheithre seachtaine



CUID 1:

Forbhreathnú ar Obair na hOifige

ÁR MISEAN

Seirbhís ionchúisimh atá cothrom, neamhspleách agus éifeachtach a sholáthar ar son mhuintir uile na hÉireann

1.1 Forbhreathnú ar Obair na hOifige

1.1.1 Is é atá i mbunfheidhm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ná ionchúiseamh poiblí agus nithe coiriúla gaolmhara a sheoladh agus a mhaoirsiú.

1.1.2 Faightear tromlach na gcásanna a ndéileálann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí leo ón nGarda Síochána arb é an phríomhghníomhaireacht náisiúnta imscrúdúcháin é. Ach, maidir le roinnt cásanna, is cásanna iad a tharchuireann gníomhaireachtaí speisialaithe imscrúdúcháin chuig an Oifig, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údarais áitiúla.

1.1.3 Tá ceithre rannán in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:

- i) Tar éis comhad imscrúdaithe a scrúdú, déanann an **Rannán Stiúrtha** cinneadh maidir le cibé ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a bheith ann nó má tá sé tosaithe ag an nGarda Síochána cibé acu ar chóir nó nár chóir leanúint ar aghaidh leis. Cuirtear in iúl sa treo a eisítear na cúisimh, más ann, a thabharfar os comhair na gcúirteanna. I gcásanna áirithe beidh gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfadh cinneadh a dhéanamh. Bunaítear cinneadh chun dul ar aghaidh le hionchúiseamh ar chás *prima facie* - fianaise a d'fhéadfadh, cé nach gá go dtarlódh sé, cúirt nó giúiré a threorú chuig cinneadh go bhfuil an duine ciontach sa chion, thar amhras réasúnach.
- ii) Cuireann **Rannán na nAturnaetha**, faoi cheannas an Phríomh-Aturnae Ionchúiseamh, seirbhís aturnae ar fáil don Stiúrthóir maidir le cásanna a ullmhú agus


a chur i láthair i gCúirteanna Dúiche agus Cúirteanna Coiriúla Cuarda Bhaile Átha Cliath, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Chúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc, san Ard-Chúirt agus sna Cúirteanna Uachtaracha. Taobh amuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath, tá 32 aturnae stáit áitiúla, a fhostaítear ar bhunús conartha a chuireann seirbhís aturnae ar fáil sa Chúirt Chuarda agus i gcúrsaí áirithe sa Chúirt Dúiche ina gceantair áitiúla féin.

iii) Cuimsíonn an **Rannán Seirbhísí**


Tacaíochta Ionchúisimh an tAonad Idirchaidrimh Íospartach, atá freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an Oifig na hoibleagáidí atá uirthi i dtaca le híospartaigh na coireachta a chosaint agus le tacaíocht a thabhairt dóibh, mar a leagtar amach faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017; an tAonad Idirnáisiúnta a dhéileálann le réimsí den dlí coiriúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear eiseachadhadh, Barántais Ghabhála Eorpacha agus iarratais ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach; agus soláthraíonn an tAonad um Beartas agus Taighde Ionchúisimh a dhéanann taighde dlíthiúil, tacaíocht d'fhorbairt beartais dhlíthiúil, agus oibríonn sé le páirtithe leasmhara seachtracha maidir le cúrsaí beartais. Déanann an tAonad um Beartas agus Taighde Ionchúisimh bainistíocht eolais a chomhordú chomh maith agus áirítear leis sin an tseirbhís Leabharlainne a sholáthraíonn eolas agus seirbhís saineolais do bhaill foirne dlí agus riaracháin araon.

iv) Cuireann an **Rannán Seirbhíse Corparáidí** le straitéis iomlán na hOifige trí raon feidhmeanna gnó lena n-áirítear acmhainní daonna agus forbairt eagraíochtúil, airgeadas, TFC, bainistíocht saoráidí, soláthar, cumarsáid, rialachas agus seirbhísí tacaíochta eile don Oifig.

1.2 Struchtúr na hEagraíochta (Meitheamh 2022)



1.3 Próiseas Ionchúisimh Choiriúla in Éirinn



CUID 2:

ACHOIMRE AR CHOMHAID A
FUARTHAS & AR THORTHAÍ

Nóta Mínithe i nDáil le Staitisticí

2.1 Tá Cuid 2 briste síos i cuig roinn ar leith:

- i) Cairt 2.1.1 go dtí Cairt 2.1.5 (Cuid 2.1) a bhaineann le comhaid a theacht isteach san Oifig agus lena n-áirítear mionsonraí faoi chineálacha na dtreoracha a tugadh;
- ii) Cairt 2.2.1 go dtí Cairt 2.2.5 (Cuid 2.2) ina dtugtar mionsonraí faoi thorthaí na gcásanna a ndearna an Stiúrthóir ionchúiseamh ar díotáil ina leith maidir leis na comhaid sin a tháinig faoi bhráid na hOifige idir an bhliain 2018 agus an bhliain 2020.
- iii) Soláthraíonn Cairteacha 2.3.1 go 2.3.3 (Cuid 2.3) mionsonraí faoi iarratais a rinneadh chuig na Cúirteanna i ndáil le hachomhairc i gcásanna coiriúla, i ndáil le hathbhreithnithe ar phianbhreitheanna ar fhoras trócaire míchuí, i ndáil le coigistiú agus forghéilleadh sócmhainní coiriúla, agus i ndáil le Barántais Gabhála Eorpacha.
- iv) Soláthraíonn Cairteacha 2.4.1 agus 2.4.2 (Cuid 2.4) mionsonraí faoi ullmhú/eisiúint larrataí ar Eiseachadhadh (eiseachadhadh a lorg i gcás daoine nach bhfuil i láthair i mballstáit a thagann faoi réim an Bharántas Gabhála Eorpaigh).
- v) Tugann Cairt 2.5.1 (Cuid 2.5) mionsonraí ar iarratais ar chúnamh dlí frithpháirteach a phróiseáil Oifig an an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

2.2 Baineann gach idirdhealú de réir na mblianta sna táblaí staitistice leis an mbliain ar tháinig an comhad faoi bhráid na hOifige. Is é cúis atá le heolas a ríomh chomh fada siar i gcairteanna 2.2.1 go dtí 2.2.5 ionas go dtugtar san áireamh an tréimhse ama a bhíonn caite idir cinneadh ionchúiseamh a thioncsnamh agus an tráth a dtugtar breith cúirte. Dá mbeifí le staitisticí a chur ar fáil i ndáil le torthaí chásanna na bliana 2021, bheadh sciar mór de na cásanna á rangú go fóill

mar chásanna atá le héisteacht agus is beag fiúntais a bheadh leis na staitisticí. Ní gá gur léiriú ionadaíoch an léargas ar chásanna a éistítear tamall gairid tar éis a dtabhairt.

2.3 Déantar iarracht sa tuarascáil seo leaganacha nuashonraithe de na sonraí a léiríodh sna Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo a thabhairt san áireamh chun cuntas níos iomláine a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh ó foilsíodh na sonraí roimhe seo. Mar gheall ar an athrú a thagann go seasta ar stádas cásanna – mar shampla, d'fhéadfadh cás a rabhtas ag feitheamh ina leith tráth ar ullmhaíodh tuarascáil roimhe seo a bheith tugtha chun críche faoin am seo – beidh an fhaisnéis sa tuarascáil seo éagsúil leis an bhfaisnéis ar an réimse céanna cásanna i dtuarascálacha roimhe seo. Chomh maith leis sin, ní móide gur inchomórtais sonraí ó bhlianta éagsúla ó tharla gur mó de na cásanna a thugtar chun críche le himeacht aimsire agus go bhféadfadh sin gur iomláine an t-eolas maidir le cásanna ó na blianta is luaithe ná ó na blianta is deireanaí. Mura luaitear a mhalairt, rinneadh leasú maidir leis na sonraí a luaitear sna staitisticí seo i mí Aibreán 2022.

2.4 Ní mór cúram maidir leis na staitisticí seo a chur i gcomparáid le staitisticí a fhoilsíonn eagraíochtaí eile, mar shampla an tSeirbhís Chúirteanna nó an Garda Síochána. Tá na staitisticí a fhoilsítear anseo bunaithe ar rangú agus ar chatagóirí na hOifige féin agus ní gá go mbeadh an córas sin agus an córas rangúcháin in eagraíocht eile ag teacht le chéile go baileach.

2.1 Comhaid Ionchúisimh a Fuarthas

Léirítear i gCairt 2.2.1 an líon iomlán comhad ionchúisimh a fuarthas in Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí ó 2002 go 2021.

Ní áirítear sa chairt obair atá déanta ag an Oifig i ndáil le nithe eile nach mbaineann go díreach le comhaid ionchúisimh choiriúil, mar shampla: iarratais ar chomhairle dlí ón nGarda Síochána, ó aturnaetha stáit áitiúla nó ó ghníomhaireachtaí eile; nithe a bhaineann le beartas; nó fiosrúcháin ghinearálta.

CAIRT 2.2.1: Líon Iomlán na gComhad a Fuarthas

BLIAIN	COMHAID
2002	14586
2003	14696
2004	14613
2005	14427
2006	15279
2007	15446
2008	16144
2009	16074
2010	15948
2011	16127
2012	15285
2013	13761
2014	14012
2015	14306
2016	13169
2017	13667
2018	14849
2019	15580
2020	17107
2021	18256

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021


Soláthraíonn Roinn Aturnaetha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí seirbhís aturnae don Stiúrthóir agus gníomhaíonn thar a ceann. Déileálann an roinn freisin le cásanna nach gcaitear a tharchur go díreach chuig an Roinn Treorúcháin chun treoir a fháil.

Léiríonn Cairt 2.1.2 an líon cásanna ar dhéileáil Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, leo agus áirítear inti comhaid ionchúisimh don Chúirt Dúiche, achomhairc ón gCúirt Dúiche go dtí an Chúirt Chuarda agus iarratais ar Bhannaí san Ard-Chúirt. Léiríonn an figiúr d'Achomhairc ón gCúirt Dúiche an líon comhad a sealbhaíodh agus ní an líon cúiseamh aonair a ndearnadh achomharc orthu. D'fhéadfadh roinnt cúiseamh a bheith faoi achomharc ag aon chosantóir amháin.

Déileálann Roinn na nAturnaetha le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach freisin. Cé gurb í Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, a dhéileálann le cuid de na hiarratais sin, caithear cuid eile a chur ar aghaidh chuig an Roinn Treorúcháin le treoir a fháil. Mar gheall go bhfuil an Roinn Athbhreithnithe Bhreithiúnacha lonnaithe i Roinn na nAturnaetha, áfach, tá an líon iomlán d'iarratais ar athbhreithniú breithiúnach ar déileáladh leo sa chairt seo. Is féidir leis an Stiúrthóir Athbhreithniú Breithiúnach a ghlacadh nó is féidir athbhreithniú breithiúnach a ghlacadh ina aghaidh.

CAIRT 2.1.2: Comhaid a nDéileáiltear leo i Roinn na nAturnaetha


	2021	2020	2019
Comhaid ionchúisimh Cúirte Dúiche	1752	1079	1253
Achomhairc ón gCúirt Dúiche chun na Cúirte Cuarda	2012	1270	2869
Iarratais ar Bhannaí Ard-Chúirte	1887	2133	1448
Iarratais Athbhreithnithe Breithiúnacha	166	140	168
IOMLÁN	5817	4622	5738



Léirítear i gCairt 2.1.3 líon na gcomhad a fuarthas ina gcaithfear cinneadh a dhéanamh iad a ionchúiseamh nó gan iad a ionchúiseamh. Déanann an chart comparáid idir líon na gcomhad a fuarthas agus líon na daoine a bhfuil drochamhras fúthu ó thaobh na gcomhad sin. Tá sé seo amhlaidh toisc go mbaineann go leor comhad le breis is duine amháin a bhfuil amhras fúthu. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, breathnú ar líon iomlán na ndaoine a bhfuil drochamhras fúthu chomh maith le líon iomlán na gcomhad.

CAIRT 2.1.3: Briseadh Síos Maidir Leis na Comhaid a Fuarthas d’Fhonn Cinneadh Cibé an nDéanfaí Ionchúiseamh

	2021	2020	2019
Líon na gcomhad a fuarthas d’fhoill cinneadh cibé an ndéanfaí ionchúiseamh	12439	12485	9842
Líon na n-amhrastach a bhain leis na comhaid sin	15818	16209	12369



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

Tá cur síos sa chairt seo ar na comhaid a fuair an Roinn Treorúcháin agus a ndearna sí iad a dhiúscairt i 2019, 2020 agus 2021 (suas go dtí Aibreán 2022). Cuireann an Garda Síochána agus gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta na comhaid faoi bhráid Roinn na nAturnaetha go díreach nó faoi bhráid aturnae stáit áitiúil le haghaidh treorach faoi dhul ar aghaidh nó gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Déantar cinneadh mar seo a leanas, ag tabhairt tromchúiseacht an chiona agus an fhaisnéis atá sa chomhad i gcountas:

Ionchúiseamh ar bith: Déantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Is de bharr ganntanas fianaise sa chuid is mó a dhéantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh Léiríonn na figiúirí, áfach, na cúiseanna go léir gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh.

Ionchúiseamh ar Díotáil: Déantar cinneadh dul ar aghaidh le hionchúiseamh sa Chúirt Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó i gCúirt Speisialta Choiriúil.


Diúscairt Achomair: Bíonn an cion le hionchúiseamh sa Chúirt Dúiche.

Faoi Bhreithniú: Comhaid nach mbíonn cinneadh déanta maidir leo. Ar áireamh anseo tá na comhaid ina raibh gá le tuilleadh faisnéise nó imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh.

NÓTA: Tá na figiúirí do 2019 agus 2020 tugtha suas chun data ó foilsíodh Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo. Léiríonn an laghdú ar líon na gcomhad atá 'Faoi Bhreithniú' i gcomparáid le blianta roimhe seo an dul chun cinn ata déanta maidir leis na comhaid sin ó shin. Ar áireamh sna 'hionchúisimh ar Díotáil' tá na cásanna sin inar roghnaigh cosantóirí triail le giúiré agus cásanna inar dhiúltaigh an Breitheamh Dúiche dlínse, d'ainneoin gur roghnaigh an Stiúrthóir diúscairt achomair ar dtús.

CAIRT 2.1.4: Diúscairt Comhad an Roinn Treorúcháin de Réir Líon Daoine is ábhar do na Comhaid a Fuarthas

Treoir Déanta	2021	%	2020	%	2019	%
Ionchúiseamh ar Bith	5508	35%	5827	36%	4681	38%
Ionchúiseamh nó Indíotail	4652	29%	5153	32%	4291	35%
Diúscairt Achomair	5227	33%	5017	31%	3378	27%
LÍON IOMLÁN COMHAD A DIÚSCRAÍODH	15387	97%	15997	99%	12350	100%
Faoi Bhreithniú	431	3%	212	1%	19	0%
IOMLÁN	15818	100%	16209	100%	12369	100%




TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

Bíonn cúiseanna éagsúla ann, seachas na príomhchúiseanna a leagtar amach sa chairt seo gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh i ndáil le comhad áirithe. Cúpla sampla de na cúiseanna seo ná, bás nó dul ar iarraidh an duine atá faoi amhras, bás nó dul ar iarraidh an ghearánaí nó diúltú an ghearánaí fianaise a thabhairt. Is é 'eile' an tagairt a úsáidtear ina leith seo sa chairt thíos.

CAIRT 2.1.4A: Cur Síos ar na Príomhchúiseanna ar Threoir gan Duine atá faoi Amhras a Ionchúiseamh

Príomhchúiseanna gan dul ar aghaidh	2021	%	2020	%	2019	%
Ganntanas Fianaise	4296	78%	4550	78%	3642	77%
Tarraingíonn an Páirtí Díobhálaíthe Siar an Gearán	547	10%	515	9%	390	8%
Leas an Phobail	83	2%	106	2%	88	2%
Rabhadh Aosach	83	1%	80	1%	71	2%
Clár Athstiúrtha Óige	73	1%	99	2%	44	1%
Tréimhse Ama Caite	48	1%	48	1%	33	1%
Moill Mhíchuí	43	1%	49	1%	35	1%
Amhrastach Éagach	42	1%	47	1%	28	1%
Forais Simpíteacha	1	0%	4	0%	2	0%
Eile	292	5%	329	5%	348	7%
IOMLÁN	5508	100%	5827	100%	4681	100%



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

Is briseadh síos atá i gCairt 2.1.4b de na treoracha a tugadh ionchúiseamh ar díotáil a dhéanamh, de réir an chontae ina ndearnadh an cion. Cuirtear san áireamh inti cásanna a treoiríodh a éisteacht sa Chúirt Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sna Cúirteanna Coiriúla Speisialta. Tabhair ar aird, go bhfuil líon cásanna ar cásanna iad 'atá á mbeirtheáil' (féach cairt 2.1.4). Áirítear anseo cásanna ina bhfuarthas comhad ach ina dteastaíonn breis faisnéise. Ní féidir a dhéanamh amach cé mhéad de na cásanna sin a bhféadfadh treoir d'ionchúiseamh ar díotáil a bheith mar thoradh orthu.

CAIRT 2.1.4B: CUR SÍOS AN LÍON IONCHÚISEAMH AR DÍOTÁIL TREORAITHE DE RÉIR CONTAE AN CHIONA

	Daonra 2020*					Daonra 2019*					Daonra 2018*					Daonra 2017*				
	Daonra 2021*	Daonra 2020*	Daonra 2019*	Daonra 2018*	Daonra 2017*	2021	2020	2019	2018	2017	2021	2020	2019	2018	2017	2021	2020	2019	2018	2017
Ceatharlach	59,810	59,298	58,799	58,057	57,489	57	37	36	38	50	0.95	0.62	0.61	0.65	0.87	0.73	0.63	0.71		
An Cabhán	79,705	78,797	78,565	77,812	76,887	56	73	61	72	61	0.70	0.93	0.78	0.93	0.79	0.80	0.88	0.83		
An Clár	123,294	122,591	121,762	121,109	119,550	76	74	86	89	116	0.62	0.60	0.71	0.73	0.97	0.64	0.68	0.80		
Corcaigh	566,157	563,405	555,151	549,963	543,517	335	349	348	311	309	0.59	0.62	0.63	0.57	0.57	0.61	0.60	0.59		
Dún na nGall	166,566	164,669	164,185	162,610	160,677	106	95	93	67	59	0.64	0.58	0.57	0.41	0.37	0.59	0.52	0.45		
Baile Átha Cliath	1,426,000	1,417,600	1,395,600	1,370,500	1,350,000	1,982	2,182	1,682	1,486	1,487	1.39	1.54	1.21	1.08	1.10	1.38	1.28	1.13		
Gaillimh	268,988	267,564	264,090	260,673	257,484	131	205	159	148	155	0.49	0.77	0.60	0.57	0.60	0.62	0.65	0.59		
Ciarraí	154,043	153,295	151,049	149,637	147,883	108	110	97	83	74	0.70	0.72	0.64	0.55	0.50	0.69	0.64	0.57		
Cill Dara	238,605	236,925	233,695	230,045	226,925	196	231	189	115	88	0.82	0.97	0.81	0.50	0.39	0.87	0.76	0.57		
Cill Chainnigh	104,249	103,355	102,485	101,192	100,203	68	67	68	52	71	0.65	0.65	0.66	0.51	0.71	0.65	0.61	0.63		
Laois	89,014	88,087	88,348	87,334	86,088	91	87	63	79	71	1.02	0.99	0.71	0.90	0.82	0.91	0.87	0.81		
Liatroim	33,528	33,146	33,049	32,732	32,343	26	17	14	22	14	0.78	0.51	0.42	0.67	0.43	0.57	0.54	0.51		
Luimneach	202,242	201,089	199,730	198,659	196,102	262	256	289	188	196	1.30	1.27	1.45	0.95	1.00	1.34	1.22	1.13		
An Longford	42,956	42,509	42,635	42,145	41,544	58	87	63	39	37	1.35	2.05	1.48	0.93	0.89	1.62	1.48	1.10		
Lú	138,210	137,237	135,366	133,251	130,087	114	142	160	126	137	0.82	1.03	1.18	0.95	1.05	1.01	1.05	1.06		
Maigh Eo	136,034	135,314	133,557	131,829	130,216	91	93	78	66	86	0.67	0.69	0.58	0.50	0.66	0.65	0.59	0.58		
An Mhí	209,157	207,684	204,853	201,653	198,920	109	122	83	74	105	0.52	0.59	0.41	0.37	0.53	0.50	0.45	0.43		
Muineachán	64,230	63,498	63,311	62,704	61,959	68	57	55	42	30	1.06	0.90	0.87	0.67	0.48	0.94	0.81	0.67		
Uíbh Fhailí	81,935	81,081	81,321	80,388	79,241	45	77	34	53	45	0.55	0.95	0.42	0.66	0.57	0.64	0.68	0.55		
Ros Comáin	67,278	66,922	66,053	65,198	64,400	37	56	41	34	25	0.55	0.84	0.62	0.52	0.39	0.67	0.66	0.51		
Sligeach	68,571	67,790	67,590	66,942	66,147	54	52	38	38	31	0.79	0.77	0.56	0.57	0.47	0.71	0.63	0.53		
Tiobraid Árann	165,565	164,621	163,509	162,632	160,857	135	123	124	150	128	0.82	0.75	0.76	0.92	0.80	0.77	0.81	0.83		
Port Láirge	122,049	121,003	119,985	118,471	117,313	111	167	97	96	81	0.91	1.38	0.81	0.81	0.69	1.03	1.00	0.77		
An Iarmhí	93,295	92,323	92,596	91,533	90,227	49	113	84	59	98	0.53	1.22	0.91	0.64	1.09	0.89	0.93	0.88		
Loch Garman	157,291	155,943	154,631	152,680	151,186	132	193	151	90	76	0.84	1.24	0.98	0.59	0.50	1.02	0.93	0.69		
Cill Mhantáin	152,730	151,655	149,588	147,251	145,255	150	87	94	70	64	0.98	0.57	0.63	0.48	0.44	0.73	0.56	0.51		
IOMLÁN	5,011,502	4,977,401	4,921,503	4,857,000	4,792,500	4,652	5,153	4,291	3,690	3,695										

Tá figiúirí 2017, 2018, 2019, 2020 & 2021 bunaithe ar chion na bhfigiúirí daonra réigiúnacha measta arna bhfoilsíú i Meastacháin Daonra agus Imirce na Príomh-Oifige Staidrimh a eisíodh in 2017, 2018, 2019, 2020 & 2021.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021


Léiríonn Cairt 2.1.5 an t-am idir comhad ionchúisimh críochnaithe a fháil san Oifig agus treoir a eisiúint maidir le cibé acu ar chóir nó nár chóir dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Cinneadh an fhaisnéis seo a léiriú de réir “duine atá faoi amhras” seachas de réir comhad mar go dtarlaíonn sé i gcásanna áirithe go mbíonn níos mó ná duine amháin i gceist agus nach ndéantar an cinneadh céanna i leith gach duine acu i gcónaí.

Bíonn comhaid éagsúil ó thaobh méid agus chomh coimpléascach a bhíonn siad. I gcásanna áirithe, bhí gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh.

Rinneadh an t-am a caitheadh a ríomh ar bhonn na gcásanna a bhfuil treoir eisithe ina leith amháin. Níor cuireadh comhaid atá á mbreithniú fós san áireamh agus léirítear iad mar chatagóir ar leithligh.

CAIRT 2.1.5: An Tam a Caitheadh Sular Eisíodh Cinneadh

An tAm a Caitheadh	2021	%	2020	%	2019	%
0 - Dhá Sheachtain	8009	51%	9143	56%	6682	54%
Dhá - Cheithre Sheachtain	3307	21%	2577	16%	1826	15%
Ceithre Seachtaine - Trí Mhí	2699	17%	2605	16%	2318	19%
Trí Mhí - Sé Mhí	1120	7%	1159	7%	999	8%
Sé Mhí - Dhá Mhí Dhéag	244	1%	405	3%	379	3%
Os Cionn Bliana	4	0%	109	1%	146	1%
LÍON IOMLÁN COMHAD DIÚSCARTHA	15383	97%	15998	99%	12350	100%
Faoi Bhreithniú	435	3%	211	1%	19	0%
IOMLÁN	15818	100%	16209	100%	12369	100%



2.2 Torthaí na gCásanna arna n-Ionchúiseamh Díotáil

2.2.1 Soláthraítear faisnéis i gCairteacha 2.2.1 go dtí 2.2.5 ar ionchúisimh ar díotáil a thóg an Stiúrthóir i ndáil le comhaid a fuarthas san Oifig idir 2018 agus 2020. Mar a tagraíodh sa nóta mínithe tosaigh, ba chóir a bheith cúramach agus comparáid á dhéanamh le figiúirí a sholáthraíonn aon eagraíocht eile, mar go bhféadfadh siad a bheith curtha le chéile ar bhealach éagsúil.

2.2.2 Baineann na figiúirí sna cairteacha seo le daoine aonair a raibh amhras fúthu a raibh treoir déanta iad a ionchúiseamh ar díotáil. Soláthraítear staitisticí ar bhonn duine a raibh amhras faoi seachas ar bhonn comhaid a fuarthas. Sin mar gheall go ndéantar treoracha i ndáil le gach duine aonair a bhíonn laistigh de chomhad seachas in aghaidh comhaid iomlán mar aonán ann féin. Ag brath ar an bhfianaise a sholáthraítear, déantar treoracha éagsúla go minic i ndáil le daoine aonair a fhaightear mar chuid den chomhad céanna. Tagraíonn na tagairtí sna cairteanna sin do 'chásanna' d'ionchúisimh a thógtar in aghaidh daoine aonair a mbíonn amhras fúthu. Cé go bhféadfaí daoine aonair ar chomhad a thabhairt chun trialach le chéile nuair a bhíonn treoir déanta iad a ionchúisimh i gcúirteanna le dlínse comhionann, baileofar fíoras gach duine aonair ar leithligh d'fhonn na staitisticí sin.

2.2.3 Soláthraítear staitisticí ar an mbunús de thoradh amháin in aghaidh gach duine; beag beann ar an líon cúiseanna agus cionta a liostaítear ar an díotáil. Bristear na ciontuithe síos mar seo a leanas: ciontaithe ag giúiré, ciontaithe ar phléadáil, agus ciontaithe ar chúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach. Is ionann ciontú ar chúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach agus nár ciontaíodh an t-amhrasach as an bpríomhchúiseamh nó as an gcúiseamh níos tromchúisí ar an díotáil. Tá an catagóiriú cionta a úsáidtear sna príomhchairteacha de réir an phríomhchiona

nó an cion is tromchúisí ar an díotáil. Dá bhrí sin, sa chás go ndéantar an cosantóir a chiontú le cion nach bhfuil chomh tromchúiseach, d'fhéadfadh an cion nó na cionta a chiontaítear ann iad a bheith éagsúil ón gcion a mbíonn siad catagóirithe faoi sna cairteacha. Mar shampla, d'fhéadfaí duine a chúiseamh i ndúnmharú ach ar deireadh go gciontófaí an duine sin i gcion nach mbeadh chomh tromchúiseach sin i ndúnorgain nó cúisithe i dtrom-bhuirgléireacht ach ciontaithe ar deireadh i gcion nach mbeadh chomh tromchúiseach i mbuirgléireacht. Tá briseadh síos ar chiontuithe ar chúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach i ndáil leis na cásanna a éistíodh sa Chúirt Choiriúil Speisialta agus sa Phríomh-Chúirt Choiriúil i gcairteacha 2.2.3a agus 2.2.4a. Sa chás go ndéantar amhrasach a chatagóiriú mar 'éigiontaithe', ciallaíonn sé sin go mbíonn an duine éigiontaithe i ngach cúiseamh.

2.2.4 Ba chóir a thabhairt ar aird freisin go mbaineann staitisticí atá leagtha amach sna cairteacha seo le cad a tharla sa chúirt trialach agus sin amháin agus ní i gcúirt achomhairc ina dhiaidh sin. Is é sin le rá sa chás go gciontaítear duine agus go ndéantar an ciontú sin a chealú nuair a dhéantar é a achomharc, léirítear toradh na trialach i gcónaí sna staitisticí mar chiontú.

2.2.5 Ba chóir a bheith cúramach i ndáil leis na rátaí ciontaithe agus éigiontaithe a léirmhíniú maidir leis na blianta is déanaí, toisc nach mbeidh líon ard cásanna tugtha chun críche. Ní bheidh an pictiúr a bheidh le feiceáil ó na staitisticí seo chomh iomlán agus chomh ionadaíoch leo sin i ndáil le blianta roimhe sin. D'fhéadfadh sé nach mbeadh cásanna a chualthas luath go maith mar shampla ionadaíoch ar an iomlán.

Léiríonn Cairt 2.2.1 an toradh a bhí ar na hionchúisimh ar díotáil a tugadh i ndáil le cúisithe ar thosaigh na hionchúisimh ina leith sna blianta 2018 go 2020 (suas go Aibreán 2022). Baineann na figiúirí le:

Ciontú: Ciontú i ndáil le ceann amháin ar a laghad de na cúiseanna a bhí i gceist.


Scaoileadh saor: An cosantóir neamhchiontach i leith gach cúis a bhí i gceist.

Gan éisteacht go fóill: Cinneadh déanta dul ar aghaidh le hionchúiseamh agus iad le dul os comhair cúirte.

NÓTA: Níor cuireadh figiúirí 2021 san áireamh de bharr go bhfuil formhór mór na gcásanna sin le dul os comhair cúirte fós agus de bharr gur dócha nach léireodh fothorthaí an líon beag cásanna a bhfuil torthaí ar fáil dóibh an scéal críochnaitheach maidir leis na cásanna go léir.

CAIRT 2.2.1: Torthaí na gCásanna n-Ionchúisimh ar Díotáil


Toradh	2020	%	2019	%	2018	%
Ciontú	2429	47%	2555	60%	2679	73%
Scaoileadh saor	45	1%	75	2%	123	3%
Gan Éisteacht go Fóill	2604	51%	1567	36%	761	21%
Caite amach/Éiríodh as	75	1%	94	2%	127	3%
IOMLÁN	5153	100%	4291	100%	3690	100%



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

CAIRT 2.2.1A: Miondealú ar Chiontú agus Scaoileadh (Cásanna nár Éistíodh go Fóill gan Bheith san Áireamh)

	2020	%	2019	%	2018	%
Ciontaithe ag Giúiré	46	2%	92	3%	120	4%
Ciontú tar éis Pléadáil Ciontach	2383	96%	2463	94%	2559	92%
CIONTAITHE - IOMLÁN	2429	98%	2555	97%	2679	96%
Scaoilte Saor ag Giúiré	33	1%	50	2%	87	3%
Scaoilte Saor ar Threoir ón mBreitheamh	12	1%	25	1%	36	1%
SCAOILEADH SAOR - IOMLÁN	45	2%	75	3%	123	4%
IOMLÁN	2474		2630		2802	



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

Tugann Cairt 2.2.2 briseadh síos ar na hionchúisimh a treoraíodh ar díotáil a éisteacht sa Chúirt Chuarda. Is iad na cásanna atá rangaithe mar 'Le hÉisteacht' ná na cásanna sin nach bhfuil fíorasc taifeadta go fóill ina leith. I gcuid de na cásanna seo, d'fhéadfadh tús a bheith curtha ag triail le heisteachtaí, ach go mbeadh na himeachtaí stoptha ag iarratas ar Athbhreithniú Breithiúnach. I gcásanna eile, d'fhéadfadh sé go bhfuil an cosantóir éalaithe roimh an triail agus go bhfuil barántas binse agus/nó imeachtaí eiseachadta i bhfeidhm. B'fhéidir le cásanna eile, go háirithe iad sin de chineál casta, nach bhfuil siad tagtha chun trialach go fóill. Mar gheall ar an gcion mór de cásanna 'Le hÉisteacht' atá ann, níl na figiúirí sna blianta is déanaí chomh hionadaíoch. Tá feidhm ag an gcoinníoll sin freisin i gcás Chairteanna 2.2.3 agus 2.2.4. I gcás go mbíonn easaontas faoi thoradh trialach, déileáltear leis an gcás fós mar 'Le hÉisteacht' mura mbíonn *nolle prosequi* iontráilte.

CAIRT 2.2.2: Torthaí na gCásanna a Ionchúisíodh sa Chúirt Choiriúil Chuarda

	IOMLÁN			Ciontú ag Giúiré			Ciontú ar Phléadáil			Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú			Éigiontú ag Giúiré			Éigiontú ag Threoir an Bhreithimh			Le hÉisteacht			Diúscairt ar Shli Eile		
	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018
Timpistí Marfacha ag an Obair	4	7	12	0	0	0	0	5	6	0	1	0	0	0	0	0	0	0	4	1	6	0	0	0
Dúnorgain Dúnorgain	2	4	5	0	0	1	0	1	2	0	0	0	1	0	0	0	0	0	1	3	2	0	0	0
IOMLÁN - Cionta Marfacha	6	11	17	0	0	1	0	6	8	0	1	0	1	0	0	0	0	0	5	4	8	0	0	0
Buirgléireacht	493	386	322	3	2	1	239	245	235	27	29	25	2	4	2	3	4	3	202	92	51	17	10	5
Calaais	102	49	50	0	1	0	31	17	39	6	7	1	0	1	1	1	0	0	62	22	9	2	1	0
Robáil	392	347	333	4	3	4	204	223	243	14	21	12	0	2	1	2	2	2	162	89	61	6	7	10
Goid	250	231	212	0	1	5	122	137	146	8	8	9	1	1	0	1	1	1	117	78	43	1	5	8
Cionta Eile in Aghaidh Maoine	510	438	355	1	2	4	206	232	225	33	18	23	2	1	4	1	2	3	257	171	79	10	12	17
IOMLÁN - Cionta in Aghaidh Maoin	1747	1451	1272	8	9	14	802	854	888	88	83	70	5	9	8	8	9	9	800	452	243	36	35	40
Tiomáint Chontúirteach is Triúg Bháis	25	20	23	0	0	2	12	13	16	1	0	0	0	0	0	0	1	0	12	6	4	0	0	1
Tógáil Neamhúdairithe Mótairfeithiclí	31	17	22	0	1	0	19	12	16	4	2	1	0	0	0	0	0	0	7	1	5	1	1	0
Cionta Trácta Bóthair Eile	82	83	69	1	1	0	27	38	35	11	15	8	0	2	5	0	0	2	43	26	19	0	1	0
IOMLÁN - Cionta Trácta Bóthair	138	120	114	1	2	2	58	63	67	16	17	9	0	2	5	0	1	2	62	33	28	1	2	1
Ionsaí Gnéis	153	155	144	1	8	9	33	46	51	1	4	6	7	7	12	0	0	4	110	85	53	1	5	9
Pornagrafaíocht Leanaí	78	71	68	0	1	0	47	43	54	5	4	4	0	0	0	0	0	0	25	20	7	1	3	3
Ionsaí Migheanasach	51	54	44	2	4	4	10	16	11	0	0	1	0	3	0	0	2	1	39	29	22	0	0	5
Cionta in éadan Leanaí agus Daoine faoi Chosaint	35	30	20	0	1	1	13	14	10	1	0	0	0	0	0	0	0	0	21	14	9	0	1	0
Cionta Gnéis Eile	27	27	23	0	1	0	12	11	14	1	3	0	0	0	0	0	0	0	14	10	9	0	2	0
IOMLÁN - Cionta Gnéis	344	337	299	3	15	14	115	130	140	8	11	11	7	10	12	0	2	5	209	158	100	2	11	17
Cionta Drugaí	808	717	540	1	2	3	212	347	421	288	175	49	0	2	2	0	0	0	300	186	62	7	5	3
Cionta Arm Tine agus Pléascán	159	150	104	3	3	2	75	73	62	18	17	15	0	0	4	0	1	1	59	52	16	4	4	4
Cionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine	1162	918	853	9	16	15	442	404	492	39	73	92	17	17	40	4	9	14	635	373	161	16	26	39
Cionta Oird Phoiblí	391	252	215	0	1	5	127	89	110	14	15	27	0	0	0	0	0	1	248	144	68	2	3	4
Cionta Ioncaim	25	22	24	0	0	0	12	7	17	1	0	0	0	0	0	0	0	0	12	15	7	0	0	0
Iascach Mara	11	21	4	0	0	1	3	5	2	1	0	0	0	0	0	0	0	0	7	15	1	0	1	0
Cionta Eile	130	89	66	0	3	3	43	38	35	1	6	5	1	1	4	0	1	0	85	39	17	0	1	2
MÓR-IOMLÁN	4921	4088	3508	25	51	60	1889	2016	2242	474	398	278	31	41	75	12	23	32	2422	1471	711	68	68	110

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

CAIRT 2.2.2A: Briseadh Síos mar 'Díuscairt ar Shlí Eile ó Chairt 2.2.2

	2020	2019	2018
<i>Nolle Prosequi Curtha Isteach</i>	63	80	99
Scríosta Amach	1	0	1
Á mBreithniú	1	0	0
Iarratas Rathúil maidir le Muirir a Caitheamh Amach	2	2	2
Cás Foirceanta agus Gan Atriail	0	0	1
Fuair an tAmhrastach Bás	0	4	2
Neamhchiontach de Dheasca Gealtachta	1	2	5
IOMLÁN	68	88	110

CAIRT 2.2.2B: Iomlán Cásanna Críochnaithe* agus Céatadán Ciontuithe

	IOMLÁN			Céatadán Ciontuithe		
	2020	2019	2018	2020	2019	2018
Timpistí Marfacha ag an Obair	0	6	6	N/A	100%	100%
Dúnorgain	1	1	3	0%	100%	100%
IOMLÁIN - CIONTA MARFACHA	1	7	9	0%	100%	100%
Buirgléireacht	274	284	266	98%	97%	98%
Calaois	38	26	41	97%	96%	98%
Robáil	224	251	262	99%	98%	99%
Goid	132	148	161	98%	99%	99%
Cionta Eile in Aghaidh Maoine	243	255	259	99%	99%	97%
IOMLÁIN - CIONTA IN AGHAIDH MAOIN	911	964	989	99%	98%	98%
Tiomáint Chontúirteach is Triúg Bháis	13	14	18	100%	93%	100%
Tógáil Neamhúdaraíthe Mótarafeithiclí	23	15	17	100%	100%	100%
Cionta Tráchta Bóthair Eile	39	56	50	100%	96%	86%
IOMLÁN - CIONTA TRÁCHTA BÓTHAIR	75	85	85	100%	96%	92%
Ionsaí Gnéis	42	65	82	83%	89%	80%
Pornagrafaíocht Leanaí	52	48	58	100%	100%	100%
Ionsaí Mígheanasach	12	25	17	100%	80%	94%
Cionta in éadan Leanaí agus Daoine faoi Chosaint	14	15	11	100%	100%	100%
Cionta Gnéis Eile	13	15	14	100%	100%	100%
IOMLÁIN - CIONTA GNÉIS	133	168	182	95%	93%	91%
Cionta Drugaí	501	526	475	100%	100%	100%
Cionta Arm Tine agus Pléascán	96	94	84	100%	99%	94%
Cionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine	511	519	653	96%	95%	92%
Cionta Oird Phoiblí	141	105	143	100%	100%	99%
Iascach Mara	13	7	17	100%	100%	100%
Cionta Ioncaim	4	5	3	100%	100%	100%
Cionta Eile	45	49	47	98%	96%	91%
MÓR-IOMLÁN	2431	2529	2687	98%	97%	96%

* Ní fholaíonn sé cásanna nár éisteadh go fóill, nár scríosta amach nó nár scoireadh

Leagann an chairt 2.2.3 amach torthaí cásanna a treoraíodh i gcomhair ionchúisimh sa Chúirt Choiriúil Speisialta.

CAIRT 2.2.3: Torthaí na gCásanna a Ionchúisíodh ar Díotúil sa Chúirt Choiriúil Speisialta

	Iomlán			Ciontú ag Breithiúnaes			Ciontú ag Phléadail			Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú			Eigiontú ag Breithiúnaes			Le hÉisteacht		
	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018
Cuidiú le Ciontóir	0	1	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Iarracht ar Dhúnmharú	0	1	1	0	1	0	0	0	0	0	0	1	0	0	0	0	0	0
Cion a dhéanamh ar son eagraíochta coiriúla	3	0	0	0	0	0	3	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Comhcheilg um Dhúnmharú	0	0	11	0	0	1	0	0	4	0	0	6	0	0	0	0	0	0
Eagraíocht Choiriúil a Stiúradh	0	2	0	0	0	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	1	0
Gníomhaíochtaí Eagraíochta Coiriúla a Fheabhsú	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	1	0
Príosúnú Neamhdhleathach	0	5	2	0	2	0	0	0	0	0	1	2	0	1	0	0	1	0
Cionta Arm Tine agus Pléascán	2	6	8	0	0	2	1	5	6	0	0	0	0	1	0	1	0	0
Ballraíocht ar Eagraíocht Neamhdhleathach	0	2	0	0	0	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	1	0
Sciúradh Airgid	4	5	3	0	0	0	3	5	3	0	0	0	0	0	0	1	0	0
Dúnmharú	3	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	3	0	0
Páirt a Ghlacadh i gCoireacht Eagraithe	2	4	0	0	0	0	1	1	0	0	0	0	0	0	0	1	3	0
IOMLÁN	14	27	25	0	4	3	8	13	13	0	1	9	0	2	0	6	7	0

CAIRT 2.2.3a: Miondealú ar 'Chiontuithe ar Chúiseamh Níos Lú' do Dhaoine a Ciontaíodh as Ballraíocht in Eagraíocht Neamhdhleathach agus Cionta Gaolmhara

Príomh Chúis	Ciontú ar Chiseamh Níos Lú			IOMLÁN			Ciontú ag Breithiúnaes			Ciontú ag Phléadail		
	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018
Iarracht ar Dhúnmharú	Comhcheilg um Dhúnmharú	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	1
Comhcheilg um Dhúnmharú	Eagraíocht Choiriúil a Stiúradh	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	1
Príosúnú Neamhdhleathach	Páirt a Ghlacadh i gCoireacht Eagraithe	0	0	5	0	0	0	0	0	0	0	5
	Ionsaí le Dochar Tromchúiseach	0	1	0	0	1	0	1	0	0	0	0
	Ionsaí lena nDearnadh Dochar	0	0	1	0	0	1	0	0	0	0	0
	Ag Éileamh Airgead le Bagairtí	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	1
IOMLÁN		0	1	9	0	1	0	1	1	0	0	8

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

CAIRT 2.2.3B: Iomlán Cásanna Críochnaithe* agus Céatadán Ciontuithe

	IOMLÁN			Céatadhán Ciontuithe		
	2020	2019	2018	2020	2019	2018
Cuidiú le Ciontóir	0	1	0	N/A	100%	N/A
Iarracht ar Dhúnmharú	0	1	1	N/A	100%	100%
Cion a dhéanamh ar son eagraíochta coiriúla	3	0	0	100%	N/A	N/A
Comhcheilg um Dhúnmharú	0	0	11	N/A	N/A	100%
Eagraíocht Choiriúil a Stiúradh	0	1	0	N/A	100%	N/A
Gníomhaíochtaí Eagraíochta Coiriúla a Fheabhsú	0	0	0	N/A	N/A	N/A
Príosúnú Neamhdhleathach	0	4	2	N/A	75%	100%
Cionta Arm Tine agus Pléascán	1	6	8	100%	83%	100%
Ballraíocht ar Eagraíocht Neamhdhleathach	0	1	0	N/A	100%	N/A
Sciúradh Airgid	3	5	3	100%	100%	100%
Dúnmharú	0	0	0	N/A	N/A	N/A
Páirt a Ghlacadh i gCoireacht Eagraithe	1	1	0	100%	100%	N/A
IOMLÁN	8	20	25	100%	90%	100%

* Ní fholáionn sé cásanna nár éisteadh go fóill, nár scriosta amach nó nár scoireadh

Tugann Cairt 2.2.4 imlíne ar thoradh na gcásanna a treoraíodh lena n-ionchúiseamh sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus briseadh síos ar na cásanna go léir tríd de réir an chúisimh ba thromchúisí in aghaidh an chosantóra. Déanann na cairteanna forlontacha briseadh síos ar thorthaí ciontuithe ar chúiseamh níos lú agus 'diúscairt ar shlí eile'.

CAIRT 2.2.4: Toradh na gCásanna a Ionchúisíodh ar Díotúil sa Phríomh-Chúirt Choiriúil

IOMLÁN	Ciontú le Giúiré			Ciontú ag Phléadáil			Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú			Éigíontú le Giúiré			Éigíontú le Treoir ón mBreitheamh			Diúscairt ar Shlí Eile			Le hÉisteacht		
	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018
Dúnmharú	28	33	33	2	4	2	2	8	7	0	0	2	0	0	0	0	0	6	22	10	7
Iarracht Dúnmharaithe	8	0	3	0	0	0	3	9	1	0	0	1	0	0	0	0	0	0	4	1	1
Éignithe	171	117	109	3	8	25	4	5	6	2	7	9	0	1	2	7	6	10	144	71	38
Iarracht Éignithe	6	2	2	0	0	1	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	1	4	0	0
Tromionsaí Gnéis	0	7	1	0	1	0	0	0	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	3	0
Cuidiú le Ciontóir	2	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	1	0	0
Príosúnú Neamhdh-leathach	0	2	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Ionsaí Gnéis	0	0	8	0	0	3	0	0	0	0	0	0	0	0	2	0	0	0	0	0	3
Gáinneáil a Dhéanamh ar Leanbh chun Críocha Teachta i dTír Gnéisach	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	1
IOMLÁN	215	162	157	5	20	38	17	29	22	2	8	12	0	1	4	7	6	17	175	85	50

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

CAIRT 2.2.4A: Briseadh Síos Maidir le Ciontú i gCúiseamh Níos Lú

An Phríomhchúis	Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú	IOMLÁN			Ciontú le Giúiré			Ciontú ag Phléadáil		
		2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018
Dúnmharú	Dúnorgain	2	4	7	2	2	5	0	2	2
Dúnmharú	Ionsaí lena nDearnadh Dochar Tromchúiseach	0	1	0	0	1	0	0	0	0
Dúnmharú	Rannpháirtíocht i gCoireacht Eagraithe	0	1	0	0	0	0	0	1	0
Dúnmharú	Cuidiú le Ciontóir	0	2	0	0	0	0	0	2	0
Iarracht Dúnmharú	Comhcheilg um Dhúnmharú	0	4	0	0	0	0	0	4	0
Iarracht Dúnmharú	Ionsaí lena nDearnadh Dochar Tromchúiseach	2	2	1	0	0	0	2	2	1
Iarracht Dúnmharú	Rannpháirtíocht i gCoireacht Eagraithe	0	1	0	0	0	0	0	1	0
Iarracht Dúnmharú	Airteagal a thabhairt ar aird le linn Díospóide	0	1	0	0	0	0	0	1	0
Iarracht Dúnmharú	Oifigeach Síochána d'ionsaí i gCúrsa a nDualgais	1	0	0	0	0	0	1	0	0
Iarracht Dúnmharú	Bagairt Maraithe	0	1	0	0	1	0	0	0	0
Éigniú	Truilliú	1	0	3	0	0	1	1	0	2
Éigniú	Pornagrafaíocht Leanai	0	1	0	0	0	0	0	1	0
Éigniú	Ionsaí Gnéasach	3	1	3	1	0	1	2	1	2
Éigniú	Ionsaí lena nDearnadh Dochar	0	1	0	0	1	0	0	0	0
Éigniú	Ionsaí Míghéanasach	0	2	0	0	1	0	0	1	0
Iarracht ar Éigniú	Bagairt Maraithe	0	1	0	0	0	0	0	1	0
IOMLÁN		9	23	14	3	6	7	6	17	7

CAIRT 2.2.4B: Briseadh Síos mar ‘Diúscairt ar Shlí Eile’

	2020	2019	2018
<i>Nolle Prosequi</i> Iontrailte	5	6	10
Duine atá faoi amhras neamh-inniúil ar phléadáil	0	0	1
Amhrastach Básaithe	2	0	1
Caite Amach	0	0	1
Gan Ciontach mar gheall ar Ghealtacht	0	0	4
IOMLÁN	7	6	17

CAIRT 2.2.4C: Iomlán Cásanna Críochnaithe* agus Céatadán Ciontuithe (lena n-Áirítear Ciontuithe ar Chúiseamh Níos Lú)

	IOMLÁN			Céatadhán Ciontuithe		
	2020	2019	2018	2020	2019	2018
Dúnmharú	6	23	20	100%	100%	90%
Iarracht ar Dhúnmharú	4	9	2	100%	100%	50%
Éigniú	20	40	61	90%	80%	82%
Iarracht ar Éigniú	2	2	1	100%	100%	100%
Tromionsaí Gnéasach	0	4	1	N/A	75%	100%
Cuidiú le Ciontóir	1	1	0	100%	100%	N/A
Príosúnú Neamhdhleathach	0	2	0	N/A	100%	N/A
Ionsaí Gnéasach	0	0	5	N/A	N/A	60%
Airteagal a thabhairt ar aird le linn Díospóide	2	0	0	N/A	N/A	N/A
IOMLÁN	35	81	90	94%	89%	82%

* Ní fholaíonn sé cásanna nár éisteadh go fóill, nár scriosta amach nó nár scoireadh

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

Tugann Cairt 2.2.5 briseadh síos ar fhioraísc na gcás do gach cúirt choiriúil chuarda. Murab amhlaidh le Cairt 2.2.4, ní áirítear inti cásanna ‘atá le hÉisteacht’ nó cásanna a raibh aon toradh eile orthu seachas ciontú nó éigiontú. Tabhair ar aird i roinnt cásanna, go bhféadfadh triail a bheith i gcúirt chuarda nach í an cúirt chuarda í don chontae ina ndearnadh an cion.

CAIRT 2.2.5: Torthaí na gCásanna a Ionchúisíodh ar Díotáil sa Chúirt Choiriúil Chuarda de Réir Contae

	Iomlán			Ciontú le Giúiré			Ciontú le Phléadáil			Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú			Éigiontú ag Giúiré			Éigiontú le Treoir ón mBreitheamh		
	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018	2020	2019	2018
Ceatharlach	16	16	28	0	0	0	13	15	25	3	0	2	0	1	1	0	0	0
An Cabhán	42	29	54	0	0	0	39	25	40	3	3	13	0	1	1	0	0	0
An Clár	39	63	71	0	2	2	34	46	61	3	13	7	2	1	1	0	1	0
Corcaigh	222	250	268	5	5	11	177	200	226	27	25	10	4	6	13	9	14	8
Dún na nGall	44	43	42	1	0	1	38	34	36	3	7	3	2	2	2	0	0	0
Baile Átha Cliath	1099	1111	1116	2	13	10	816	860	953	277	222	131	3	13	14	1	3	8
Gaillimh	49	52	82	3	0	2	41	46	67	5	6	11	0	0	2	0	0	0
Ciarráí	36	47	47	2	2	3	29	42	43	4	2	1	1	0	0	0	1	0
Cill Dara	116	107	93	1	1	0	89	82	70	19	20	12	6	3	8	1	1	3
Cill Chainnigh	35	50	41	1	0	0	29	43	35	3	7	4	2	0	1	0	0	1
Laois	23	35	45	0	0	1	19	32	31	3	2	6	0	1	2	1	0	5
Liatroim	4	4	10	0	0	0	4	3	8	0	0	1	0	0	0	0	1	1
Luimneach	73	127	111	0	1	4	66	113	95	6	13	12	1	0	0	0	0	0
An Longford	47	34	24	1	3	0	41	28	21	4	3	2	1	0	0	0	0	1
Lú	51	79	92	0	2	2	41	65	77	10	12	6	0	0	6	0	0	1
Maigh Eo	40	43	47	2	0	3	34	37	36	4	4	5	0	2	2	0	0	1
An Mhí	62	54	57	1	0	0	46	43	52	13	10	5	2	1	0	0	0	0
Muineachán	16	8	20	0	0	0	13	8	19	3	0	1	0	0	0	0	0	0
Uíbh Fhailí	55	19	44	0	1	0	44	16	35	11	2	7	0	0	0	0	0	2
Ros Comáin	43	30	29	0	1	3	30	26	25	11	2	1	1	1	0	1	0	0
Sligeach	32	31	29	0	0	1	19	25	25	11	6	2	2	0	1	0	0	0
Tiobraid Árann	57	78	115	1	3	2	50	64	78	5	9	26	1	0	6	0	2	3
Port Láirge	91	63	80	2	3	6	73	51	66	14	7	4	2	2	4	0	0	0
An Iarmhí	39	36	39	0	4	1	29	18	34	10	11	1	0	2	2	0	1	1
Loch Garman	61	74	57	2	4	5	48	63	46	11	4	2	0	2	4	0	1	0
Cill Mhantáin	39	45	46	0	2	0	28	34	41	11	8	3	0	1	2	0	0	0
IOMLÁN	2431	2528	2687	24	47	57	1890	2019	2245	474	398	278	30	39	72	13	25	35

CAIRT 2.2.5A: Iomlán Cásanna Críochnaithe* agus Céatadán Ciontuithe

	IOMLÁN			Céatadán Ciontuithe		
	2020	2019	2018	2020	2019	2018
Ceatharlach	16	16	28	100%	94%	96%
An Cabhán	42	29	54	100%	97%	98%
An Clár	39	63	71	95%	97%	99%
Corcaigh	222	250	268	94%	92%	92%
Dún na nGall	44	43	42	95%	95%	95%
Baile Átha Cliath	1099	1111	1116	100%	99%	98%
Gaillimh	49	52	82	100%	100%	98%
Ciarraí	36	47	47	97%	98%	100%
Cill Dara	116	107	93	94%	96%	88%
Cill Chainnigh	35	50	41	94%	100%	95%
Laois	23	35	45	96%	97%	84%
Liatroim	4	4	10	100%	75%	90%
Luimneach	73	127	111	99%	100%	100%
An Longford	47	34	24	98%	100%	96%
Lú	51	79	92	100%	100%	92%
Maigh Eo	40	43	47	100%	95%	94%
An Mhí	62	54	57	97%	98%	100%
Muineachán	16	8	20	100%	100%	100%
Uíbh Fhailí	55	19	44	100%	100%	95%
Ros Comáin	43	30	29	95%	97%	100%
Sligeach	32	31	29	94%	100%	97%
Tiobraid Árann	57	78	115	98%	97%	92%
Port Láirge	91	63	80	98%	97%	95%
An Iarmhí	39	36	39	100%	92%	92%
Loch Garman	61	74	57	100%	96%	93%
Cill Mhantáin	39	45	46	100%	98%	96%
IOMLÁN	2431	2528	2687	98%	97%	96%

* Ní fholaíonn sé cásanna nár éisteadh go fóill, nár scriosta amach nó nár scoireadh

2.3 Iarratais chuig na Cúirteanna

Soláthraíonn Cairteacha 2.3.1 go 2.3.3 mionsonraí faoi iarratais a rinneadh chuig na Cúirteanna i ndáil le hachomhairc i gcásanna coiriúla, i ndáil le hathbhreithnithe ar phianbhreitheanna ar fhoras trócaire míchuí, i ndáil le coigistiú agus forghéilleadh sócmhainní coiriúla, agus i ndáil le Barántais Gabhála Eorpacha.

Achomhairc chuig an gCúirt Achomhairc (Coiriúil)

Bunaíodh an Chúirt Achomhairc nua i mí Dheireadh Fómhair 2014, tar éis an 33ú Leasú chuig an mBunreacht agus achtú na hAhta um Chúirt Achomhairc Choiriúil in 2014. Seasann an Chúirt idir an Ard-Chúirt agus na Cúirteanna Uachtaracha agus ghlac an Chúirt seilbh ar dhlínse achomhairc na Cúirte Uachtaraí agus an Chúirt Achomhairc Choiriúil in ábhair choiriúla.

Tugann Cairt 2.3.1 thíos achoimre ar an méid achomharc a taisceadh gach bliain ó 2019 go 2021. Tugann an colún 'Achomharc ag an DPP' achoimre ar an méid cásanna ina raibh an Stiúrthóir ina achomharcóir, lena n-áirítear, mar shampla, boige míchuí, éigíontú, agus oiriúnacht chun achomhairc a phléadáil. Leagann na colúin eile amach na cásanna ina raibh an Stiúrthóir ina freagróir agus bainteach le déine na pianbhreithe agus achomhairc ciontaithe.

CHART 2.3.1: Toradh Achomharc chuig an gCúirt Achomhairc (Coiriúil)

Cineál Achomharc	2021	2020	2019
Achomharc ag DPP	38	30	50
Déine na pianbhreithe	132	165	164
Ciontú	34	30	34
Ciontú agus Géire	46	39	48
Diúltú Bannaí	9	18	2
Iomrall iarratais ar Cheartas	5	3	2
Iomlán	264	285	300

IARRATAIS MAIDIR LE HATHBHREITHNIÚ AR PHIANBHREITH AR FHORAS RÓTHRÓCAIRE

Foráiltear le hAlt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993, go bhféadann an Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Achomhairc Choiriúil athbhreithniú a dhéanamh ar phianbhreith a ghearr cúirt na trialach, más dealraitheach go bhfuil an phianbhreith róthrócaireach faoin dlí.

Tugann Cairt 2.3.2 thíos mionsonraí ar líon na n-iarratas a thaisceadh le deich mbliana anuas.

I gCairt 2.3.2a, leagtar amach torthaí iarratas, le 10 mbliana anuas, de réir na bliana inar éisteadh an t-iarratas.

CAIRT 2.3.2: Iarratais ar Phianbhreitheanna a Athbhreithniú ar Fhoras Rothróciare

Bliain an Iarratais	An Líon Iarratas a Taisceadh
2012	22
2013	32
2014	33
2015	38
2016	62
2017	51
2018	53
2019	48
2020	26
2021	36

CAIRT 2.3.2A: Torthaí na nIarratas de Réir na Bliana ar Éisteadh Iad

Bliain Taisceadh an Iarratais	D'éirigh leo	Diúltaithe	Iarratas Caite Amach nó Tarraingthe Siar	IOMLÁN
2012	11	12	3	26
2013	16	6	4	26
2014	16	16	2	34
2015	37	11	5	53
2016	18	19	10	47
2017	34	20	1	55
2018	47	14	2	63
2019	32	15	0	47
2020	34	13	3	50
2021	27	5	1	33

COIGISTIÚ AGUS FORGHÉILLEADH SÓCMHAINNÍ COIRIÚLA

Tá forálacha tábhachtacha ar fáil san Acht um Cheartas Coiriúil 1994 le calcadh nó urghabháil a dhéanamh ar fháltais na coiriúlachta. Tionscnaíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a leithéid seo iarratas agus cuireann comhairle agus tacaíocht ar fáil do chleachtóirí ionchúisimh maidir le hiarratais choigistithe agus fhorghéillte. Oibríonn an Oifig i gcomhar le ranna agus le gníomhaireachtaí eile chun athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta agus ar na struchtúir atá i bhfeidhm sa Stát maidir le hurghabháil sócmhainní coiriúla.

Maidir leis na comhaid urghabhála sócmhainní a fuarthas san Oifig faoin Acht um Cheartas Coiriúil 1994, bhain siad le nithe amhail cásanna i ndáil le horduithe forghéillte agus cásanna i ndáil le horduithe choigistithe. Leagtar amach i gcairt 2.3.3 líon iomlán na gcásanna a osclaíodh i rith na bliana 2021.

CAIRT 2.3.3: Comhaid Urghabhála Sócmhainní a Osclaíodh in 2021

Comhaid Chogaistithe Sócmhainní a Osclaíodh in 2021	
Alt 39 Orduithe Forghéillte (na gCoimisinéirí Ioncaim agus Gardaí)	46
Alt 9 Iarratais ar Orduithe Coigistithe	2
Alt 4 Iarratais ar Ordú Cuimhneacháin	4
Alt 24 Iarratais ar Ordú Reo	12
Alt 61 Orduithe Forghéillte	8
IOMLÁN	72

Orduithe Forghéillte faoi Alt 39: Faoi alt 39 an Achta is féidir le Breitheamh sa Chúirt Chuarda a ordú go bhforghéilltear aon airgead tirim a rinneadh a urghabháil faoi alt 38* an Achta sa chás go bhfuiltear sásta gur airgead tirim sin is fáltas go díreach nó go hindíreach ó choireacht nó atá beartaithe a úsáid ag duine ar bith i ndáil le gáinneáil drugaí.

- * Faoi alt 38 an Achta, tugtar údarás le hairgead tirim a urghabháil sa chás go bhfuil cúis réasúnach ag duine den Gharda Síochána nó ag oifigeach Custaim agus Máil bheith in amhras gur fáltas dhuine ar bith ó iompar coireachta an t-airgead tirim (airgead san áireamh a dtagtar air le linn cuardaigh). Ní féidir an t-airgead tirim a dhéanann Garda nó oifigeach Custaim agus Máil a urghabháil a choimeád ar feadh tréimhse is faide ná 48 uair a chloig mura dtugann Breitheamh de chuid na Cúirte Dúiche údarás leis an airgead a choinneáil ar feadh tamall níos faide. Is féidir iarratas a dhéanamh leis an gCúirt leanacht den airgead tirim a choinneáil ar feadh tréimhsí suas le dhá bhliain.

Orduithe Coigistithe faoi Alt 9: Ceadáítear faoi alt 9 an Achta an ghnóthachtáil atá bainte ag Cúisí as cion indíotáilte ar bith seachas cionta maidir le gáinneáil drugaí a choigistiú ar chiontú an té sin. Is féidir leis an gCúirt Chuarda fiosrúchán a dhéanamh maidir leis an ngnóthachtáil a bhí as ag an té sin tar éis pianbhreith a ghearradh air. Ní mór do lucht an Ionchúisimh a chruthú go mbaineann an ghnóthachtáil go díreach leis an gcion ina gcúisítear an cúisí.

Orduithe Coigistithe faoi Alt 4: Faoi fhorálacha alt 4 an Achta ón uair a chiontaítear duine ar díotáil i gcion gáinneála drugaí agus a ngearrtar pianbhreith air, ní mór do Chúirt na trialach breith a thabhairt cibé an raibh gnóthachtáil ag an duine ciontaithe ón gcion, oiread na gnóthachtála sin agus an tsuim maidir le hOrdú Coigistithe is inréadaithe a urscaoileadh. Féadfaidh an Chúirt Ordú Coigistíochta a dhéanamh ansin don fhigiúr sin.

Orduithe Calctha faoi Alt 24: Foráiltear faoi alt 24 an Achta don DPP iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt ar ordú calctha sa chás go gcúisítear duine, nó go bhfuil socraithe go gcúiseofar duine, i gcion indíotála. Is féidir gach maoín a shonraítear a bheith faoi úinéireacht an té a chúisítear in Éirinn nó thar lear a thabhairt i gceist le hordú calctha. Tá orduithe calctha ceaptha scaipeadh ar shócmhainní a chosc sula ndéantar fiosrúchán faoi choigistiú i gCúirt na Trialach sa chás go gciontaítear ar díotáil an cúisí sa chion a bhaineann leis an gcúis.

Iarratas ar Ordú Forghéillte Alt 61: Ceadáíonn iarratais ar fhorghéilleadh forghéilleadh maoine a úsáidtear chun déanamh aon chiona a éascú nuair a chiontaítear duine in aon chúirt. Is féidir le maoin aon ionstraim a úsáidtear chun cion a dhéanamh a éascú amhail feithicil chun drugaí nó airgead a iompar, airgead tirim, nó trealamh ullmhaithe drugaí a áireamh.

Leagtar amach mionsonraí maidir le hOrduithe Coigistithe agus le hOrduithe Forghéillte a rinne na cúirteanna i rith na bliana 2021, ar bhain luach iomlán €6,517,820.26 leo, i gcairt 2.3.3a thíos.

CAIRT 2.3.3A: Coigistiú Sócmhainní Coiriúla in 2021

Orduithe	Líon	Suim
Alt 39 Orduithe Forghéillte (na gCoimisinéirí Ioncaim agus Gardaí)	39	€478,182.52
Alt 61 Orduithe Forghéillte	11	€4,971,743.50
Alt 4 Orduithe Coigistíochta	4	€91,145.24
Alt 9 Orduithe Coigistíochta	1	€890,000.00
Orduithe Coigistíochta Eile Déanta	6	€86,749.00
IOMLÁN	61	€6,517,820.26
Alt 24 Iarratais ar Ordú Reo	4	€441,497.00

2.4 Barántais Ghabhála Eorpacha agus Eiseachadadh

Ag Ionchorprú Barántais Ghabhála Comhaontú Trádála agus Comhair

BARÁNTAIS GHABHÁLA EORPACHA

Tháinig an tAcht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2004. Is ionann barántas gabhála Eorpach (BGE) agus barántas, ordú nó cinneadh de chuid údarás breithiúnach i mballstát amháin de chuid AE chuig ballstát eile de chuid AE chun ionchúiseamh coiriúil nó cur i bhfeidhm pianbhreithe coimeádta a chur i gcrích sa bhallstát eisiúna.

Cuireann Aonad um Eiseachadadh an Gharda Síochána iarratais ar ullmhú BGEanna faoi bhráid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Cuirtear iarratais ar BGEanna faoi bhráid Breitheamh de chuid na hArd-Chúirte de ghnáth. Féadfaidh cúirt BGE a eisiúint i gcás go mbeadh an seans ann go gcuirfeadh an duine iarrtha, má dhéanfar é nó í a chiontú as an gcion, téarma príosúnachta dhá mhí dhéag nó níos mó isteach. Mar mhalairt air sin, i gcás gur ciontaíodh an duine iarrtha as cion cheana, féadfar BGE a eisiúint i ndáil leis an gcion sin, má chaitheann an duine iarrtha téarma príosúnacht ceithre mhí ar a laghad a chur isteach mar phianbhreith.

Nuair a eisíonn an Ard-Chúirt BGE, cuirtear an BGE chuig an Roinn Dlí agus Cirt lena tharchur chuig an tír ina gcreidtear go bhfuil an duine iarrtha ina c(h)ónaí. Clúdaítear sna cionta dá lorgáitear BGEanna réimse leathan cionta tromchúiseacha, lena n-áirítear dúnmharú, cionta gnéasacha, cionta drugaí, gadaíocht agus ionsaithe tromchúiseacha.

I gCairt 2.4.1 thíos tugtar breac-chuntas ar líon na mBarántas Gabhála Eorpach ar déileádh leo sna blianta 2019, 2020 agus 2021. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach gá go dtiocfaidh eisiúint an BGE agus géilleadh an duine leis an mbliain ina bhfaightear an comhad. As iomlán na gcomhad a fuarthas, ní raibh cuid díobh eisithe faoi dheireadh na bliana. Tarlaíonn sé sin ar chúiseanna éagsúla, mar shampla, toisc go bhfuil an t-iarratas fós ar feitheamh, nó go bhfuair an duine iarrtha bás nó gur gabhadh é nó í in Éirinn, nó toisc go ndearnadh cinneadh gan dul ar aghaidh leis an BGE. Le linn na bliana 2020, eisíodh Barántais Ghabhála Eorpacha mar is gnách sa Ríocht Aontaithe de réir socruithe idirthréimhse BREXIT. Tháinig nósanna imeachta an ghéillte sa Chomhaontú Trádála agus Comhoibrithe i bhfeidhm ar an 31 Nollaig, 2020.

CAIRT 2.4.1: Barrántais Gabhála Eorpach

	2021	2020	2019
Comhaid EAW a Fuarthas ó na Gardaí	45	179	91
EAWanna a Eisíodh	47	163	87
Daoine a Tugadh Suas	69	27	35

BARÁNTA GHABHÁLA COMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHOIBRIÚCHÁIN

Foráiltear le Teideal VII de Chuid a Trí den Chomhaontú Trádála & Comhair do shocruithe nua um thabhairt suas idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe. Tháinig na socruithe nua seo i bhfeidhm an 31 Nollaig 2020.

Tá na nósanna imeachta nua cosúil leis na nósanna imeachta maidir le Barántais Ghabhála Eorpacha. In ionad Barántas Gabhála Eorpach, áfach, eisíonn breitheamh den Ard-Chúirt Barántas Gabhála Comhaontú Trádála agus Comhair (TCA) tar éis iarratas ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Mar a tharlaíonn i gcás EAW, is féidir le Cúirt Barántas Gabhála TCA a eisiúint dá mbeadh an duine a iarrtar, dá chiontaítear sa chion, faoi dhliteanas téarma príosúnachta dhá mhí dhéag a chur isteach. Mar mhalairt air sin, má tá an duine a iarradh ciontaithe cheana féin i gcion, is féidir Barántas Gabhála TCA a eisiúint maidir leis an gcion sin, má cheanglaítear ar an duine iarrtha téarma príosúnachta ceithre mhí ar a laghad a chur isteach mar phianbhreith.

Tugtar breac-chuntas i gCairt 2.4.2 thíos ar líon na mBarántas Gabhála TCA ar déileáladh leo in 2021. Is é is cúis go príomha leis an líon íseal daoine a tugadh suas ná gur eisíodh an chuid is mó de Bharántas Gabhála TCA in 2021 sa dara leath den bhliain sin. Bhí roinnt moille ar éisteachtaí eiseachadta sa Ríocht Aontaithe mar gheall ar phaindéim Covid-19.

Chart 2.4.2: Trade and Co-operation Agreement (TCA) Arrest Warrants

	2021
TCA Arrest Warrant Files Received from Gardaí	41
TCA Arrest Warrants Issued	29
Persons Surrendered	2

IARRATAIS AR EISEACHADADH

Déanann Aonad Eiseachadta an Gharda Síochána iarrataí ar ullmhú/eisiúint iarrataí Eiseachadta (eiseachadadh a lorg i gcás daoine nach bhfuil i láthair i mballstáit a thagann faoi réim an Ballstáit an AE, an Ríocht Aontaithe, an Íoslainn nó an Iorua) a chur faoi bhráid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Nuair atá na hlarrataí Eiseachadta sin réidh, eisítear iad trí na hiarrataí a chur ar aghaidh chuig Lár-Údarás na hÉireann, is é sin le rá, an Roinn Dlí agus Cirt. Ina dhiaidh sin, déanann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála na hlarrataí Eiseachadta sin a tharchur trí bhealaí taidhleoireachta.

Faoi láthair, tá conarthaí eiseachadta déthaobhacha ag Éirinn le Stáit Aontaithe Mheiriceá, san Astráil agus i Hong Cong. De bhreis air sin, tá an Coinbhinsiún Eorpach um Eiseachadadh (Páras 1957) daingnithe ag Éirinn.

In 2021, fuair Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí dhá chomhad ón nGardaí Síochána inar iarradh larratas ar Eiseachadadh a thabhairt i gcrích agus a eisiúint.

Leagtar amach mionsonraí a bhaineann le líon na nIarrataí Eiseachadta a eisíodh in 2021, 2020 agus 2019 agus leis na tíortha ar seoladh na hiarrataí sin chucu i gcairt 2.4.3 thíos.

CAIRT 2.4.3: Iarrataí ar Eiseachadadh sa Bhliain 2021

Iarraidh Tíre Tarchurtha chuig	2021	2020	2019
An Astráil	1	0	0
An Íoslainn	0	0	1
Geirsí	0	0	1
An Tuirc	0	0	1
Stáit Aontaithe Mheiriceá	4	1	0
An Mholdóiv	1	0	0
IOMLÁN	6	1	3

2.5 Cúnamh Dlí Frithpháirteach

Faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach), 2008, féadfaidh Éire cúnamh dlíthiúil frithpháirteach a thabhairt do thíortha eile, agus cúnamh dlíthiúil frithpháirteach a iarraidh uathu, le linn imscrúduithe coiriúla nó imeachtaí coiriúla. Mar shampla, is féidir gur mhaith leis an nGarda Síochána iarraidh ar na húdaráis iomchuí i dtír eile agallamh a chur ar fhinnéithe nó sonraí a thabhairt faoi dhuine aonair is ábhar d'imscrúdú coiriúil. Is féidir go mbeidh na nithe seo a leanas i gceist leis na sonraí sin:

- agallaimh le finnéithe
- taifid bhainc
- taifid chiontuithe
- ríomhphoist
- postálacha meán sóisialta ó dhuine aonair is ábhar d'imscrúdú coiriúil

Seolann an Garda Síochána nó na Coimisinéirí Ioncaim iarrataí ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach chuig an Aonad Idirnáisiúnta in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí lena gceadú. A luaitear a thugtar iad chun críche agus a shínítear iad, seoltar na hiarrataí chuig an Lárúdarás sa Roinn Dlí agus Cirt, a sheolann iad ar aghaidh ansin chuig an tír iomchuí.

Leagann Cairt 2.5.1 amach líon iomlán na n-iarrataí ar dhéileáil an Oifig seo leo ag lorg cúnamh dhlíthiúil fhrithpháirtigh ó thíortha eile (iarrataí a bhí ag dul as oifig) in 2021, 2020 agus 2019.

CAIRT 2.5.1: Iarrataí ar dhéileáil an Oifig seo leo ag lorg Cúnamh Dhlí Frithpháirtigh ó thíortha eile

	2021	2020	2019
Líon na nIarratas	1102	873	602

CAIRT 2.5.1a: Miondealú na dtíortha a bhí faoi réir iarrataí ar dhéileáil an Oifig seo leo agus iad ag iarraidh cúnamh dlíthiúil frithpháirteach ó thíortha eile in 2021

Tír	2021
Ballstáit an Aontais Eorpaigh	287
An Ríocht Aontaithe	273
Stáit Aontaithe Mheiriceá	378
Ceanada	6
Eile	106
IOMLÁN	1050

CUID 3:

Cora Nua i gCúrsaí Dlí

3.1 Cora Nua i gCúrsaí Dlí 2021

RÉAMHRÁ

- 3.1.1** Tugann an chaibidil seo breac-chuntas ar roinnt de na cinntí cúirte le bliain anuas atá tábhachtach nó suimiúil nó a bhfuil fasach luachmhar acu maidir le hobair ionchúisimh. Ní cheadaíonn spás athbhreithniú cuimsitheach ar an gcásdlí go léir ó 2021, ach ba cheart go dtabharfadh na cásanna a luaitear tuairim don léitheoir ar chuid de na saincheistanna a thagann chun cinn ó am go chéile san ionchúiseamh.

DLÍ BUNREACHTIÚIL

Braney v. Éire agus Daoine Eile, [2021] IESC 007, (An Chúirt Uachtarach), Charleton J, 12 Feabhra 2021

- 3.1.2** D'athdhearbhaigh an Chúirt Uachtarach go raibh alt 30 den Acht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit 1939 bunreachtúil. Cheadaíonn an t-alt coinneáil duine a fhadú ar údarás Ard-Cheannfóir atá neamhspleách ar an imscrúdú. Dhiúltaigh an Chúirt Uachtarach d'argóint an iarratasóra gur cheart an dara tuairim a lorg ón nGarda a bhí mar bhall i bhfeighil stáisiún na nGardaí freisin.

COSTAIS

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. An Breitheamh McGrath, [2021] IESC 66, (An Chúirt Uachtarach), O'Donnell J, 21 Meán Fómhair 2021

- 3.1.3** Chuir Ordú 36, Riail 1 de na Rialacha Cúirte Dúiche 1997 cosc ar Bhreitheamh den Chúirt Dúiche costais a dhámhachtain i gcoinne an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Ba é breith na Cúirte Uachtaraí go bhfuil Ordú 36, Riail 1, ultra vires ag Coiste um Dhéanamh Rialacha na Cúirte Dúiche. Ba cheart gurb é an

reachtas, ní Coiste Rialacha na Cúirte Dúiche, a chinnfeadh aon srian ar chumhachtaí na Cúirte Dúiche costais a dhámhachtain.

DLÍ FIANAISE

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Glynn [2021] IECA 86, (An Chúirt Achomhairc), Donnelly J, 25 Márta 2021

- 3.1.4** Lean an Chúirt Achomhairc cinneadh níos luaithe ón gCúirt Achomhairc Choiriúil agus dheimhnigh sí in ionchúiseamh mar gheall ar dhruaí rialaithe a bheith i seilbh acu ar mó luach margaidh de €13,000, contrártha d'alt 15A den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977 arna leasú, ciallaíonn an téarma "margadhluach" luach miondíola nó luach sráide an druga rialaithe.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Conroy [2021] IESC 48, (An Chúirt Uachtarach), Charleton J, 26 Iúil 2021

- 3.1.5** D'iompaigh an Chúirt Uachtarach ciontú an achomharcóra agus d'ordaigh atriail in imthosca nár chuir cúirt na trialach forálacha sainordaitheacha alt 10 den Acht um Nós Imeachta Choiriúil 1993 in iúl don ghiúiré lena gceanglaítear ar chúirt trialach treoir a thabhairt do ghiúiré aird chuí a thabhairt ar faoistíní arna ndéanamh nach bhfuil comhthacaithe.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Maher [2021] IECA 225, (An Chúirt Achomhairc), McCarthy J, 3 Lúnasa 2021

- 3.1.6** Chinn an Chúirt Achomhairc go ndearnadh próifíl ADN ó shampla fola a tógadh in 2013 agus a stóráiltear ar "bhunachar sonraí idirmheánach" neamhfhoirmiúil in oirchill ar bhunachar sonraí ADN reachtúil a bhunú leis an Acht um Cheartas Choiriúil (Fianaise Fhoiréinseach agus Córas

Bunachair Sonraí ADN) 2014 inghlactha mar fhianaise agus bhí meaitseáil idir an phróifíl ADN sin agus próifíl ADN tar éis 2014 ón sampla céanna inghlactha freisin.

An Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí v. O'Brien [2021] IECA 290, (An Chúirt Achomhairc), Kennedy J, 28 Deireadh Fómhair 2021

- 3.1.7** Sa chás seo luaigh an Chúirt Achomhairc nach raibh cumhacht faoin dlí coiteann ag Gardaí dul isteach i dteach cónaithe chun gabháil a dhéanamh mar gheall ar shárú na síochána. Féadfaidh na Gardaí dul isteach i dteaghais faoin dlí coiteann má éilíonn riachtanais an cháis é, amhail riosca don bheatha agus don ghéag. Féadfaidh na Gardaí dul isteach freisin le toiliú sainráite nó intuigthe an áititheora.

An Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí v. AC [2021] IESC 74, (An Chúirt Uachtarach), Charleton J, 3 Samhain 2021

- 3.1.8** Chinn an Chúirt Uachtarach go raibh an ceart ag cúirt trialach deimhniú a eisíodh de bhun alt 25 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 a eisiamh ó lia-chleachtóir i dtrial le haghaidh cion ionsaithe toisc nár scrúdaigh an lia-chleachtóir an gearánach go pearsanta. Mar sin fianaise chlostráichta a bhí sa deimhniú.

An Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí v. RK & LM [2021] IECA 342, (An Chúirt Achomhairc), Birmingham P, 21 Nollaig 2021

- 3.1.9** D'éirigh leis an Stiúirthóir achomharc faoi alt 23 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 2010 i gcoinne éigiontú na Cúirte Coiriúla Speisialta an chúisí a cúisíodh as bheith ina chomhalta d'eagraíocht neamhdhleathach. Chinn an Chúirt Achomhairc go ndearna an Chúirt earráid agus fianaise an Ard-Cheannfoirt á eisiamh go raibh an cúisí ina chomhaltaí d'eagraíocht neamhdhleathach. Cé go raibh a fhianaise an-láidir i bprionsabal, bhain an Chúirt de thátal as fíricí an cháis nach mbeadh sé chun leasa an cheartais atriail a ordú.

AN DLÍ EORPACH

Gilligan v. Éire, Uimhir Iarratas, 55276/17 [CECD, 18 Márta 2021]

- 3.1.10** I mbreithiúnas d'aon toil, chaill an t-iarratasóir a agóid sa Chúirt Eorpach um Chearta an Duine inar áitigh sé go raibh sárú déanta ar

a cheart Airteagal 6 ar thriail chóir laistigh de thréimhse réasúnach ama. D'áitigh sé gur sárú ar a chearta daonna é an t-achar ama a ghlac imeachtaí fáltais na coireachta. Dhiúltaigh an chúirt a chás a thug faoi deara go raibh an t-iarratasóir féin freagrach as moilleanna éagsúla maidir leis an ábhar a chur chun cinn.

HABEAS CORPUS

SM v. Gobharnóir Phríosún Chnoc Seimre [2021] IECA 102, (An Chúirt Achomhairc), Birmingham P, 1 Aibreán 2021

- 3.1.11** D'áitigh an t-iarratasóir go raibh a choinneáil i bPríosún Chnoc Seimre mídhleathach toisc gur cheart é a bheith aistrithe go dtí an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar ina ionad sin. Chinn an Chúirt, cé gurbh é an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar an áit ab fhearr dó, go dtí go mbeadh fáil ar leaba, go raibh a riachtanais leighis láithreacha á gcomhlíonadh i bPríosún Chnoc Seimre áit a raibh rochtain aige ar ghairmithe meabhairshláinte agus cógais.

Mongan v. Gobharnóir Phríosún an Chaisleáin Riabhaigh [2021] IECA 103, (An Chúirt Achomhairc), Birmingham P, 22 Deireadh Fómhair 2021

- 3.1.12** Gearradh téarma príosúnachta ar an achomharcóir. Bhí na focail "creidmheas as an am a caitheadh ar athchur don chion seo" sa bharántas cimithe, chun an méid a dúirt an chúirt phianbhreith a léiriú. D'áitigh an t-achomharcóir go raibh sé faoi choinneáil go neamhdhleathach mar go raibh dáta a scaoileadh saor á ríomh go mícheart ag an bpríosún. D'aontaigh an Chúirt Achomhairc, ach thug sí le fios, má bhí aon débhríocht ann maidir le rún na cúirte pianbhreithe, gur cheart é a shoiléiriú tráth éisteacht na pianbhreithe.

Furlong v. Gobharnóir Phríosún Lár na Tíre [2021] IECA 346, (An Chúirt Achomhairc), Birmingham P, 21 Nollaig 2021

- 3.1.13** Líomhain an t-achomharcóir go ndearna earráid chlóghrfach maidir le huimhir an bhille idir an díotail agus an barántas cimithe a phríosúnacht mídhleathach. Chinn an Ard-Chúirt nach raibh aon fhianaise

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

ann chun tacú leis an dearbhú seo, ach fiú dá mbeadh a leithéid d'fhianaise ann, ní raibh sa locht a ndearnadh gearán faoi ach earráid chlógghrafach a bhí furasta a cheartú faoin riail sciortha. D'aontaigh an Chúirt Achomhairc leis an Ard-Chúirt agus dhíbhe an t-achomharc.

CLEACHTAS AGUS NÓS IMEACHTA

Rostas v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí [2021] IEHC 60, Humphrey's J, 9 Feabhra 2021

- 3.1.14** Cúisíodh an t-iarratasóir as cion déirce. Bhí focail ar an mbileog chúisimh a mheas an Chúirt Dúiche a bheith iomarcach agus leasaigh sí bileog na gcúiseamh ionas go mbeadh an cion cúisithe níos soiléire. Rinne an t-iarratasóir iarracht a ciontú a chur ar neamhní ag líomhain an Bhreithimh den Chúirt Dúiche go raibh claonadh oibiachtúil ann, agus nár lorg an t-ionchúiseamh an leasú. Chinn an Ard-Chúirt nach raibh aon dochar ná claontacht léirithe ag an mBreitheamh den Chúirt Dúiche a bhí laistigh den dlínse chun na leasuithe a dhéanamh.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Brogan [2021] IECA 164, (An Chúirt Achomhairc), Kennedy J, 3 Meitheamh 2021

- 3.1.15** Sa chás comhairliúcháin seo a luadh, chinn an Chúirt Achomhairc nuair a bhí cúisí á chur ar aghaidh chun a thrialach ón gCúirt Dúiche trí nasc físe, is leor seirbheáil leabhar na fianaise ar aturnae an chúisí chun fo-ailt 4A agus 4B den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1967 a chomhlíonadh. Ní mór seirbheáil leabhar na fianaise a dhéanamh de réir Ordú 41 de na Rialacha Cúirte Dúiche 1997.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Lingurar (Sóisear) [2021] IECA 185, (An Chúirt Achomhairc), Birmingham P, 1 Iúil 2021

- 3.1.16** Leag an Chúirt Achomhairc amach na tástálacha atá le cur i bhfeidhm agus iarratais á mbreithniú chun síneadh a chur leis an am chun achomharc a dhéanamh i gcoinne ciontú, agus achomhairc i gcoinne déine na pianbhreithe. Maidir le hachomhairc chiontaithe, ní mór don Chúirt measúnú a dhéanamh ar láidreacht na bhforas agus

ar an ionchas go n-éireoidh leo. Maidir le déine na n-achomharc pianbhreithe, cuirtear triail eile i bhfeidhm, ag tabhairt faoi deara nach n-eascraíonn achomharc den sórt sin an tionchar céanna ar íospartach, ar nós an fhéidearthacht go ndéanfaí atriail. Ba cheart measúnú difriúil a dhéanamh ar an áit a raibh leasanna an cheartais i gcás síneadh a chur leis an am le haghaidh achomharc in aghaidh déine na pianbhreithe.

Creedon v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí [2021] IEHC 481, (An Ard-Chúirt), Barrett J, 12 Iúil 2021

- 3.1.17** Thionscain an t-iarratasóir imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh chun a chiontú a chur ar neamhní ar fhorais dlínse. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt dá iarratas toisc go raibh sí sásta go raibh an dlínse ag breitheamh na Cúirte Dúiche an chás a chur ar athrá ó cheantar Cúirte Dúiche amháin go ceantar eile.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Grimes [2021] IEHC 484, (An Ard-Chúirt), Barrett J, 12 Iúil 2021

- 3.1.18** Sa chás comhairliúcháin seo a luadh, chinn an Ard-Chúirt go raibh an Chúirt Dúiche mícheart nuair a dhiúltaigh sí a lánrogha a fheidhmiú maidir le haontú d'iarratas ionchúisimh leasú a dhéanamh ar an dáta atá sa lua reachtúil ar thrí bhileog muirear a bhaineann le rialacháin um mhí-úsáid drugaí. Chinn an Ard-Chúirt nach raibh aon dochar ann don chúisí, agus ní raibh aon chásdlí ann a shonraigh go gcaithfí an t-iarratas ar leasú a dhéanamh laistigh de thréimhse áirithe tar éis an gearán a dhéanamh chun na cúirte.

Murphy v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí [2021] IESC 75, (An Chúirt Uachtarach), O'Malley J, 9 Samhain 2021

- 3.1.19** Lorg an t-achomharcóir diúltú bhreitheamh na trialach ó athéisteacht an cháis. Rialaigh breitheamh na trialach i gcoinne an achomharcóra i voir dire roimhe seo. Níor éirigh leis an achomharcóir sa Chúirt Achomhairc agus sa Chúirt Uachtarach a chinn nach raibh aon phrionsabal dlíthiúil ceangailteach a d'éiligh diúltú do bhreitheamh trialach tar éis trialach neamhchinntitheach inar rialaigh breitheamh

na trialach i gcoinne an achomharcóra ar fhianaise a chonspóidtear in voir dire. Ina theannta sin, ní raibh aon fhianaise ar chlaonadh oibiachtúil thar ceann bhreitheamh na trialach.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Cúirt Dúiche Meitreapholaiteach Bhaile Átha Cliath [2021] IEHC 705 (An Ard-Chúirt), Ferriter J, 12 Samhain 2021

- 3.1.20** D'éirigh leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí cinneadh na Cúirte Dúiche dlínse a choinneáil i gcúiseamh ionsaí gnéasach a chur ar neamhní, in imthosca ina raibh an cúisí os comhair a thriail mar gheall ar chion éignithe sa Phríomh-Chúirt Choiriúil a d'éascair as an tsraith fíricí céanna. Chinn an Ard-Chúirt gur theip ar an gCúirt Dúiche a cheart chun trialach giúiré a chur in iúl don chúisí agus cúiseanna a thabhairt ar ghlac sí le dlínse sa chúiseamh ionsaí gnéasach, dá dtiocfadh dhá thriail ar leith de thoradh na bhfíoras céanna dá bharr.

TRAIL A THOIRMEASC

Furlong v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí [2021] IEHC 326, (An Ard-Chúirt), Barr J, 12 Bealtaine 2021

- 3.1.21** Dheonaigh an Ard-Chúirt ordú toirmisc don iarratasóir maidir le dhá chúiseamh ionsaithe mar go raibh sé den tuairim go raibh moill ionchúisimh inchúisithe ag na Gardaí maidir lena chás a phróiseáil. Chinn an Ard-Chúirt go ndearnadh dochar don iarratasóir mar thoradh ar an moill, toisc go raibh cosaintí reachtúla áirithe caillte aige faoi Acht na Leanaí 2001 rud a bheadh aige dá ndéanfaí é a chúiseamh níos luaithe mar ógánach seachas mar dhuine fásta.

MN v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí [2021] IEHC 550, (An Ard-Chúirt), Simons J, 13 Lúnasa 2021

- 3.1.22** Dhiúltaigh an Ard-Chúirt ordú don iarratasóir chun a thriail a thoirmeasc. Bhí moill agus dochar líomhnaithe aige. Tharla na cionta líomhnaithe i lár na 1980idí. Ba ógánach an t-iarratasóir ag an am. Chinn an Ard-Chúirt nach raibh sé seo ar cheann de na cásanna eisceachtúla sin ina raibh fianaise láidir a thaispeánann an baol dáiríre go mbeadh triail

éagórach ann a thabharfadh údar maith le hordú toirmisc a bheith as feidhm. Ba í cúirt na trialach ab fhearr a chinntiú go bhfuair an t-iarratasóir triail chóir.

TL v. Breitheamh den Chúirt Dúiche agus den Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí [2021] IECA 765, (An Ard-Chúirt), O'Regan J, 1 Nollaig 2021

- 3.1.23** Sa chás seo, eisíodh toghairm i gcoinne an iarratasóra ar chion. Cúisíodh é freisin as an gcion céanna. Bhí an dá chás inchurtha ar ais chuig an dáta cúirte céanna. Tarraingíodh siar an toghairm níos déanaí. Lorg sé cead ansin le haghaidh athbhreithniú breithiúnach chun a ionchúiseamh a thoirmeasc ar an mbonn go raibh toghairm agus bileog cúisimh ann don chion céanna. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt dá iarratas, ag tabhairt faoi deara gur i gcás Kelly v. an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus Anor.[1996] 2 IR 596, chinn an Chúirt Uachtarach gur féidir leathán cúisimh agus toghairm a bheith ann i dteannta a chéile, ach gan é a bheith ann thar éigíontú nó ciontú an iarratasóra.

DLÍ TRÁCHTA AR BHÓITHRE

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Cullen [2021] IEHC 135, (An Ard-Chúirt), Simons J, 18 Márta 2021

- 3.1.24** Luaigh an Ard-Chúirt a tionóladh mar chás go dtagraíonn an frása "dochtúir atá ag caitheamh leis an duine", atá in alt 14(4) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010, do dhochtúir a bhfuil baint iarbhír éigin aige i gcúram agus i gcóireáil othar. Éilíonn an t-alt go gcaithfidh Garda dul i gcomhairle le dochtúir atá ag cur cóir leighis ar an duine a gortaíodh de bharr timpiste bóthair sula bhféadfaidh an Garda an reachtaíocht a éilíonn ar an duine sampla fola nó fuail a sholáthar le haghaidh anailíse a agairt.

Brassil v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí [2021] IECA 142, (An Chúirt Achomhairc), Donnelly J, 23 Márta 2021

- 3.1.25** Gabhadh an t-iarratasóir as cion tiomána ar meisce agus ciontaíodh ina dhiaidh sin é as diúltú sampla fola/fual a sholáthar do dhochtúir. Níor éirigh leis i gcásanna na hArd-Chúirte agus na Cúirte Achomhairc agus

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

é ag maíomh go raibh moill beagnach uair an chloig ar an dochtúir ag teacht go stáisiún na nGardaí i ndiaidh a choinneáil mídhleathach. Níor mheas an dá Chúirt go raibh an mhoill iomarcach.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Tuohey [2021] IEHC 357, (An Ard-Chúirt), Barrett J, 4 Bealtaine 2021

- 3.1.26** Dúirt an Ard-Chúirt a tionóladh mar chás gur chomhlíon fógra muirir sheasta a iardátú lá amháin chun 28 lá iomlán a cheadú go hainmniúil don chúis le híoc tar éis é a bheith seolta tríd an bpost a comhlíonadh na forálacha reachtúla. Mar gheall ar iardátú an fhógra go dtí an lá tar éis é a phostáil ní raibh sé inghlactha mar fhianaise.

DLÍ PIANBHREITHE

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Tran [2021] IECA 227, (An Chúirt Achomhairc), Kennedy J, 1 Feabhra 2021

- 3.1.27** Ciontaíodh an t-achomharcóir as drugaí a bheith ina sheilbh contrártha d'alt 15A den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977. Chuir an chúirt phianbhreith príomhphianbhreith ainmniúil 16 bliana i bhfeidhm agus chuir fachtóirí maolaithe agus géaraithe pianbhreith 12 bliana príosúnachta air agus an dá bhliain deiridh curtha ar fionraí. Cheadaigh an Chúirt Achomhairc a achomharc i gcoinne a phianbhreithe, ag rá go raibh 16 bliana mar phríomhphianbhreith ró-ard in imthosca an cháis seo. Bhí ról an achomharcóra ag foirceann íochtair an scála. Rinne an Chúirt athmheasúnú ar an bpríomhphianbhreith mar ocht mbliana, agus laghdaigh cur i bhfeidhm na bhfachtóirí maolaithe í go díreach os cionn cúig bliana agus ceithre mhí príosúnachta.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Sinnott, Long agus Joyce [2021] IECA 42, (An Chúirt Achomhairc), Ní Raifeartaigh J, 4 Feabhra 2021

- 3.1.28** Ciontaíodh gach ceann de na freagróirí as cion sciúradh airgid contrártha d'alt 7 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010. Agus í ag déileáil le hachomharc trócaireach míchuí, chuir an Chúirt Achomhairc treoir

ar fáil maidir leis na fachtóirí ar cheart do bhreitheamh trialach a bhreithniú agus é ag teacht ar phríomhphianbhreith mar a leanas: an méid airgid a bhí i gceist, an ról a d'imir an cúis maidir leis an airgead, agus an raibh iompar an chúis beartaithe chun cabhrú le heagraíocht choiriúil agus má tá, cineál agus scála na heagraíochta sin.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Lennon [2021] IECA 30, (An Chúirt Achomhairc), Donnelly J, 8 Feabhra 2021

- 3.1.29** In achomharc trócaire míchuí ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, chuir an Chúirt Achomhairc treoir ar fáil maidir le pianbhreith a ghearradh in ionchúisimh imeaglaithe finnéithe. Is féidir pianbhreith suas le cúig bliana a tharraingt ar chásanna sa raon íseal cionta. Is féidir pianbhreith idir cúig agus 10 mbliana a tharraingt i gcásanna níos tromchúisí a thiteann isteach sa lár-raon. Is féidir le cásanna níos tromchúisí pianbhreith 10 go 15 bliana a tharraingt.

3.2 Íospartaigh Coireachta

3.2.1 I mí na Samhna 2015, tháinig Treoir lena mbunaítear na híoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta a chur i bhfeidhm. Rinneadh Treoir AE a thrasú i ndlí na hÉireann le hachtú an Achta um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2017 i mí na Samhna 2017.

3.2.2 Faoi Acht, tá cearta sonracha ag íospartaigh chun faisnéis a fháil. Tá cearta nós imeachta le linn imeachtaí cúirte acu chomh maith. Sainítear íospartach san Acht mar dhuine a ndearnadh díobháil dó ní di, lena n-áirítear dochar fisiciúil, meabhrach nó mothúcháanach nó cailleanas eacnamaíoch a tharla go díreach de dheasca ciona, nó baill teaghlaigh duine éigin a fuair bás mar gheall go díreach ar chion coiriúil agus ar tharla díobháil do nó di mar thoradh ar bhás an duine sin.

3.2.3 Ó tháinig an Treoir maidir le híospartaigh agus ina dhiaidh sin an tAcht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2017 isteach, tá an ceart ag íospartaigh chun achoimre ar an gcúis leis an gcinneadh gan an cion a ionchúiseamh i ngach cás ina ndearnadh an cinneadh ar an 16 Samhain 2015 nó ina dhiaidh sin (an dáta ar tháinig an Treoir maidir le híospartaigh isteach), faoi réir roinnt eisceachtaí teoranta. Is féidir le híospartach athbhreithniú ar chinneadh gan an cion a ionchúiseamh a iarraidh chomh maith. I bhformhór na gcásanna, déanann dlíodóir nach raibh bainteach leis an mbunchinneadh an t-athbhreithniú.

I gCairteacha 3.2.1 go 3.2.4 léirítear an líon iarratas ar chúiseanna agus athbhreithnithe a fuarthas ón 16 Samhain 2015 agus na príomhchatagóirí ciona a bhí ina n-ábhar sna hiarratais sin.

3.2.4 Déileálann an tAonad Idirchaidrimh íospartaigh le gach iarratas ar chúiseanna agus athbhreithnithe a fhaightear ó

íospartaigh na coireachta. Sholáthair an Oifig leabhráin faisnéise d'íospartaigh ar 'Conas a dhéanaimid cinntí maidir le hionchúiseamh' agus 'Conas cúiseanna agus athbhreithnithe a iarraidh'. Tá an dá leabhrán - mar aon le cinn eile a d'fhéadfadh cuidiú le híospartaigh na coireachta - ar fáil ar an rannóg 'Íospartaigh agus Finnéithe' ar ár suíomh gréasáin, www.dppireland.ie.

3.2.5 Chomh maith le hobair an Aonaid Idirchaidrimh Íospartach, tá freagrachtaí ag gach ball foirne dlíthiúil san Oifig, aturnaetha stáit agus an abhcóide a dhéanamh ionadaíocht ar son na hOifige as a chinntiú go gcomhlíonfaidh an Oifig a hoibleagáidí i ndáil le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartach arna leagan amach san Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) 2017. Áirítear leis sin cruinniú réamhthrialach a eagrú le híospartaigh i gcineálacha áirithe cásanna, agus bearta speisialta a chur i bhfeidhm chun cuidiú le híospartaigh fianaise a thabhairt i gcás go bhfuil gá leis sin.

3.2.6 Leanfaidh an Oifig seo le hathbhreithniú a dhéanamh ar ár struchtúir agus nósanna imeachta lena chinntiú go gcloíonn siad leis an reachtaíocht, agus go bhfuilimid ábalta na caighdeáin agus an cháilíocht seirbhíse a theastaíonn ó íospartaigh na coireachta dá bhfuil siad i dteideal a chur ar fáil dóibh.

3.2.7 Le linn 2019, fuair an Oifig tacaíocht ón Rialtas chun Aonad Cionta Gnéasacha a bhunú. Tá sé beartaithe go ndéanfar na cionta gnéasacha ar fad a ionchúiseofar sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus beagnach gach catagóirí ciona ghnéasaigh i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath a bhainistiú ó thús go deireadh laistigh den aonad úr sin. Lena chois sin, déanfaidh an tAonad Cionta Gnéasacha cinntí ionchúiseacha maidir le cásanna cionta gnéasacha a thionscnófar lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

Chuir an SOU tús le hoibríochtaí ar bhonn céimnithe in Aibreán 2021 ag glacadh ualach cásanna atá ann cheana ó thrialacha leanúnacha os comhair na Cúirte Coiriúla Lárnaí agus Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath, chomh maith le comhaid nua a thógáil isteach lena mbreithniú le haghaidh ionchúisimh.

Beidh taithí oibriúcháin an Aonaid mar bhonn eolais suntasach le haghaidh tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an mbeartas le haghaidh gach gné de láimhseáil na gcásanna sin ar fud na tíre agus oibreoidh an tAonad úr go dlúth le hAonad Beartas na hOifige maidir leis sin.

IARRATAIS AR CHÚISEANNA AGUS ATHBHREITHNITHE

Tháinig Treoir AE 2012/29 i bhfeidhm ar an 16 Samhain 2015. Faoin Treoir, tá sé de cheart ag íospartaigh achoimre a fháil ar na cúiseanna a bhí le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh i gcásanna ina ndearnadh an cinneadh ar nó i ndiaidh an 16 de mhí na Samhna 2015. Tá sé de cheart ag íospartaigh athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh.

Leagtar amach i gCairteacha 3.2.1 agus 3.2.2 thíos líon na n-iarratas ar achoimre ar na cúiseanna a fuarthas in 2021, 2020 agus 2019 agus na catagóirí cionta a bhí faoi réir na n-iarratas sin.

CAIRT 3.2.1: Iarrataí ar Achoimre ar Chúiseanna


	2021	2020	2019
Na cúiseanna a tugadh	611	670	614
Na cúiseanna a diúltaíodh	25	28	30
Na cúiseanna larchurtha	14	0	0
Ar feitheamh	2	0	0
IOMLÁN iarrataí i gcomhair cúiseanna a fuarthas	652	698	644

Áireofaí samplaí de chásanna inár diúltaíodh dóibh iarrataí bainteacha le cinntí a rinneadh roimh 16 de mhí na Samhna 2015, nó go mbeadh tionchar acu ar chás cúirte sa todhchaí. Áirítear le cásanna iarchurtha cásanna ina bhfuil cúis curtha siar mar gheall ar an mbaol go ndéanfaí dochar d'ionchúiseamh reatha.

CAIRT 3.2.2: Catagóirí Cionta a bhí faoi Réir Iarrataí i gComhair Cúiseanna

Catagóirí Cionta	2021	2020	2019
Cionta Gnéis	270	310	274
Cionta neam-mharfacha i gcoinne Duine	192	179	135
Cionta Gadaíochta agus Calaoise	58	65	80
Cionta Marfacha	29	32	33
Damáiste Coiriúil	25	15	28
Trácht Bóithre (Ginearálta)	11	21	11
Eile	67	76	83
IOMLÁN	652	698	644

NÓTA: Féadfaidh figiúirí do 2019 agus 2020 a bheith éagsúil ó Thuarascálacha Bliantúla eile mar gheall ar athchatagóiriú cionta



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

Leagtar amach i gCairteacha 3.2.3 agus 3.2.4 thíos líon na n-iarratas ar athbhreithniú a fuarthas in 2021, 2020 agus 2019 (ón am ar tháinig an Treoir i bhfeidhm ar an 16 Samhain 2015) agus na catagóirí cionta a bhí faoi réir na n-iarratas sin.

CAIRT 3.2.3: Iarrataí i gcomhair Athbhreithniú ar Chinneadh gan Ionchúiseamh a dhéanamh


	2021	2020	2019
Cinntí bunaidh	199	208	200
Cinntí bunaidh a cuireadh ar ceal	5	8	10
Iarrataí neamhbhailí	1	2	1
Ar feitheamh	10	2	2
IOMLÁN	215	220	213

Áireofaí iarraidh neamhbhailí, mar shampla, iarraidh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh a rinne An Garda Síochána agus ní Oifig an DPP.

CAIRT 3.2.4: Catagóirí cionta a bhí ina nábhair d'iarrataí athbhreithnithe

Catagóirí Cionta	2021	2020	2019
Cionta Gneis	77	87	86
Cionta neamh-mharfacha i gcoinne Duine	68	60	50
Cionta Gadaiochta agus Calaoise	24	27	27
Cionta Marfacha	10	6	6
Damáiste Coiriúil	8	5	11
Trácht Bóithre (Ginearálta)	9	5	4
Eile	19	30	29
IOMLÁN	215	220	213

NÓTA: Féadfaidh figiúirí do 2019 agus 2020 a bheith éagsúil ó Thuarascálacha Bliantúla eile mar gheall ar athchatagóirí cionta



3.3 Rannpháirtíocht agus Forrochtain Sheachtrach

3.3.1 Mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2019-2021 d'Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí, is príomhchuspóir d'obair na hOifige comhoibriú le páirtithe leasmhara eile i gcóras ceartais choiriúil na hÉireann agus idirnáisiúnta ábhartha. Chomh maith leis an gcomhoibriú an-dlúth le gníomhaireachtaí eile a thagann chun cinn i gcásanna aonair, bhí rannpháirtíocht sheachtrach agus forrochtain ina gcuid thábhachtach d'obair na hOifige le linn 2021.

3.3.2 Mar a tharla in 2020, chruthaigh srianta leanúnacha paindéime Covid-19 dúshlán agus deiseanna in 2021 maidir le rannpháirtíocht sheachtrach. Níorbh fhéidir go leor de na gníomhaíochtaí forrochtana a bhí á n-óstáil ag an Oifig de ghnáth, lena n-áirítear cláir intéirneach agus idirbhliana, agus Clár Malartaithe Idirnáisiúnta um Rialú an Dlí in Éirinn. Mar sin féin, de bharr infhaighteacht leathan na cumarsáide fíorúla tá gnéithe lóistíochta na rannpháirtíochta seachtraí, in Éirinn agus thar lear, níos indéanta agus bhí rannpháirtíocht sheachtrach phearsanta agus fhíorúil ann in 2021. D'óstáil an Oifig Seimineár Bliantúil na nAturnaetha Stáit go cianda i mí Iúil 2021. Bhíothas in ann - agus na bearta sláinte poiblí go léir a bhí i bhfeidhm á gcur i bhfeidhm - an 22ú Comhdháil Náisiúnta Bhliantúil d'Ionchúisitheoirí a thionól go pearsanta i mí Dheireadh Fómhair 2021. Ba dheis í an chomhdháil seo, an ceann deireanach a d'óstáil an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí Claire Loftus a bhí ag dul as oifig, do pháirtithe leasmhara ó ar fud chóras Ceartais Coiriúil na hÉireann teacht le chéile arís agus dearcthaí agus saíneolas a mhalartú.

Comhlachtaí agus Líonra Idirnáisiúnta

3.3.3 Glacann baill foirne Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí páirt i go leor comhlachtaí idirnáisiúnta i réimse an cheartais

choiriúil. Tá ionchúisitheoir ón Oifig lonnaithe in Eurojust, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil, sa Háig. In 2021, ghlac an Stiúirthóra agus foireann Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí páirt i roinnt comhlachtaí agus líonraí idirnáisiúnta, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Comhlachas Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí (IAP)
- Comhairle Chomhairleach Chomhairle na hEorpa um Ionchúisitheoirí Eorpacha
- An Líonra Breithiúnach Eorpach in Ábhair Choiriúla
- Sainghrúpa an Choimisiúin Eorpaigh um Bheartas Coiriúil
- Líonra Cibearchoireachta Breithiúnach na hEorpa, arna óstáil ag Eurojust
- Líonra Ríomhchoireacht Ionchúisitheoirí Domhanda, arna óstáil ag an IAP
- Líonra Eorpach Ionchúisitheoirí don Chomhshaol
- Grúpa Oibre an OECD ar Bhreabaireacht

3.3.4 Tá Éire, mar Bhallstát den AE, de Chomhairle na hEorpa agus de na NA, rannpháirteach i go leor tionscnamh reachtach agus neamhreachtach i réimsí an cheartais choiriúil agus chearta an duine, a bhfuil oibleagáidí tuairiscithe agus meastóireachta orthu. I rith 2021, d'fhreagair Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí iarrataí ó chomhlachtaí idirnáisiúnta, arna gcomhordú go minic ag ranna rialtais na hÉireann, i gcomhthéacs measúnachtaí ar ghnéithe de chóras ceartais choiriúil na hÉireann. Áiríodh leis sin faisnéis a chur ar fáil do phróisis Tuarscáil Bhliantúil an AE ar Riail an Dlí agus Scórchlár Ceartais; measúnacht dhébhliantúil Choimisiún na hEorpa um Éifeachtúlacht an Cheartais; measúnacht fhrithpháirteach AE ar ionstraimí comhair bhreithiúnaigh an AE; Measúnachtaí

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

Chomhairle na hEorpa agus Roinn Stáit SAM i réimse na gáinneála ar dhaoine; Measúnachtaí na NA i réimse an chéasta agus caitheamh eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach agus idirdheallaithe ciníoch.

Comhlachtaí Náisiúnta agus Coistí Idirghníomhaireachta

3.3.5 Bhí rannpháirtíocht shuntasach freisin ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le linn 2021 i dtionscnaimh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sonracha i gcóras ceartais choiriúil na hÉireann. Rinne an Oifig aighneachtaí don Athbhreithniú Neamhspleách ar na hAchtanna um Chionta in aghaidh an Stáit agus don Ghrúpa Oibre um Pleanáil Bhreithiúnach, agus ghlac sí páirt in obair idirghníomhaireachta chun Litreacha Cearta a fhorbairt do dhaoine a bhfuil amhras fúthu agus do dhaoine cúisithe. Chuir an Oifig tús le tionscadail phíolótacha i réimse aisghabhála sócmhainní in dhá aonad réigiúnacha de chuid an Gharda Síochána in 2021. Tá rannpháirtíocht fairsing fhoireann an Stiúrthóra Ionchúisimh Poiblí i gcoistí agus i ngrúpaí oibre idirghníomhaireachta, a chuimsigh siad seo a leanas in 2021:

- An Coiste Straitéiseach um Cheartas Coiriúil, a thugann le chéile Cinn na nGníomhaireachtaí Ceartais Coiriúil, agus a fhoghrúpaí;
- An Dlí-Chumann Coistí um an Dlí Coiriúil agus Coistí Intí agus Earnála Poiblí;
- An Comhlachas um Thaighde agus Forbairt Ceartas Coiriúil;
- Grúpaí úsáideoirí agus coistí éifeachtúlachta do gach dlínse cúirte;
- Grúpaí idirchaidrimh ardleibhéil agus ábharbhunaithe leis an nGarda Síochána;
- Coiste Comhairleach Straitéiseach um Chearta an Duine;
- Grúpa Athbhreithnithe Ardleibhéil ar ról an Gharda Síochána sa chóras ionchúisimh poiblí;
- Grúpa Ardleibhéil ar Reachtaíocht Choiriúil;
- Grúpa Ardleibhéil ar Gháinneáil ar Dhaoine;

- Grúpaí feidhmithe idirghníomhaireachta ag eascairt as an Athbhreithniú ar Chosaint Finnéithe Soghonta in Imscrúdú agus in Ionchúiseamh i gCionta Gnéasacha (Tuarascáil O'Malley);
- Grúpa Saineolaithe ar Bhille chun Cumhachtaí Cuardaigh, Gabhála agus Coinneála an Gharda Síochána a Chódú;
- Líonra Comhoibrithe Ceartais Choiriúil na RA-na hÉireann;
- Coiste Stiúrtha an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais;
- Grúpa Oibre ar Staidreamh a bhaineann le hAisghabháil Sócmhainní;
- Coiste Stiúrtha Frithsciúradh Airgid agus Foghrúpa um Mhaoiniú Sceimhlitheoireachta;
- Fóram Coireachta agus Éillithe Eacnamaíochta ag eascairt as an Athbhreithniú ar Struchtúir Fhrith-éillithe agus Frith-Chalaoise;
- Mol Oibriúcháin Ceartas Coiriúil;
- Grúpa Athbhreithnithe Bannaí Ardleibhéil;
- Coiste Airteagal 40;
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta / Grúpa Oibre an Stiúrthóra Ionchúisimh Poiblí;
- Grúpa Comhairleach Tionscadal Trasteorann ar Cheisteanna Íospartaigh;
- Grúpa Oibre Trasghníomhaireachta um Fhíschomhdháil;
- Grúpa Oibre um Cheartas Coiriúil (Córas Pionóis Muirear Seasta);
- Grúpa Tionscadail don Bhille Iomaíochta (Leasú) 2021;
- Roinnt Líonraí Bainistíochta Faisnéise Dlí agus Leabharlannaithe Dlí.

Oiliúint ar Ghníomhaireachtaí Sheachtracha

3.3.6 Aithníonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí gur deis luachmhar é oiliúint a chur ar fáil d'eagraíochtaí agus do ghníomhaireachtaí seachtracha chun dea-chleachtas a chur chun cinn in ionchúiseamh cionta coiriúla. I rith

2021, chuir foireann dlí na hOifige oiliúint ar fáil do shainaonaid an Gharda Síochána, agus mar chuid d'oiliúint tosaigh an Gharda Síochána agus ar ardú céime i gColáiste an Gharda Síochána. Ba nuálaíocht in 2021 é oiliúint físe agus fuaime taifeadta a sholáthar don Gharda Síochána.

Chuir foireann an Stiúrthóra Ionchúisimh Poiblí go háirithe le hoiliúint an Dlí-Chumainn in 2021, le léachtaí agus ranganna teagaisc a éascú, agus cur le próiseas marcála agus scrúdaithe na scrúduithe mar chuid den mhodúl um Dhlíthíocht Choiriúil den Chúrsa Cleachtais Ghairmiúil 1. Cuireadh oiliúint ar fáil freisin do roinnt comhlachtaí páirtithe leasmhara eile lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus an Bord um Chúnamh Dlíthiúil.

Chuimsigh na seisiúin oiliúna a éascaíodh do pháirtithe leasmhara seachtracha in 2021 raon ábhar lena n-áirítear:

- Ról an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí;
- Comhad a ullmhú go héifeachtach;
- Nós imeachta coiriúil agus cur i láthair cúirte;
- Bannaí, Athbhreithniú Breithiúnach agus Achomhairc;
- Cearta Íospartaigh na Coireachta agus Bearta Speisialta d'Íospartaigh agus Finnéithe;
- Ionchúisimh Fhoréigean Baile;
- Iarratais Sócmhainní;
- Dlí agus Nós Imeachta Coiriúil an AE agus Idirnáisiúnta

3.3.7 Nuair a cheadaíonn acmhainní, aithníonn an Oifig freisin an t-ionchur luachmhar is féidir le foireann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a sholáthar do thionscadail taighde ar ghnéithe den cheartas coiriúil a dhéanann acadóirí agus grúpaí sochaí sibhialta. In 2021, chuir foireann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ionchur ar fáil i dtionscadail maidir le cosaintí nós imeachta do dhaoine fásta leochaileacha mar amhrastaigh nó daoine cúisithe, freastal níos fearr ar íospartaigh laistigh de thrialacha

coiriúla, agus taighde an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ar bhacainní luathghairme d'aturnaetha agus abhcóidí agus éagsúlacht.

Gníomhaíochtaí For-rochtana

3.3.8 I measc gníomhaíochtaí for-rochtana eile in 2021 bhí:

- Comhairliúchán grúpa agus aonair le grúpaí sochaí sibhialta a sholáthraíonn seirbhísí agus tacaíocht d'Íospartaigh na coireachta i gcomhthéacs soláthar oiliúna agus athbhreithniú ar chumarsáid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le hÍospartaigh maidir le hiarratais ar chúiseanna agus athbhreithnithe
- Clár socrúcháin cliniciúla earraigh do bheirt mhac léinn fochéime ó OÉ Gaillimh;
- Gníomhaíochtaí for-rochtana do mhic léinn dara agus tríú leibhéal agus do chomhlachtaí gairmiúla lena n-áirítear:
 - óstáil go cianda ar rannpháirtithe i gClár Intéirneachta Samhraidh an Phríomh-Bhreitheamh do Mhic Léinn Dlí
 - Ag aitheasc ag searmanas pár an Dlí-Chumainn do Aturnaetha nua-cháilithe.

CUID 4:

Riarachán Oifige

4.1 Caiteachas na hOifige

I gCairt 4.1.1 taispeántar miondealú ar chaiteachas na hoifige do na blianta 2021, 2020 agus 2019.

Tuarastail & Pá: Léiríonn sé seo an costas a bhaineann le tuarastail na foirne atá fostaithe san Oifig. Ba é a bhí sa líon iomlán foirne ar an 1 Eanáir 2021 ná 210.69 (coibhéis lánaimseartha) .

Costais Oifige: Baineann sé seo le costais ghinearálta riaracháin, lena n-áirítear ceannach agus cothabháil trealaimh oifige, soláthairtí oifige, costais leabharlainne, cothabháil áitribh na hoifige, costais taistil agus costais theagmhachas.

Seirbhís na nAturnaetha Stáit: Tagraíonn sé seo d'íoc méideanna a comhaontaíodh trí chonradh le 32 Aturnae Stáit i gcleachtais phríobháideacha atá faoi chonradh leis an Oifig seo chun ionadaíocht a dhéanamh ar an Stiúrthóir sna cúirteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.


Táillí a íoctar le hAbhcóidí: Is táillí iad seo a íoctar leis na habhcóidí a ionchúisíonn cásanna thar ceann an Stiúirthóra i gcúirteanna coiriúla éagsúla. Socraítear na táillí de réir na bparaiméadar a shocraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Costais Ghinearálta Dhlíthiúla: Baineann sé seo le híoc costas dlíthiúil arna mbronnadh ag na cúirteanna in imeachtaí dlíthiúla in aghaidh an Stiúirthóra.

NÓTA: Maidir leis na méideanna atá leagtha amach i gCairt 4.1.1. i ndáil le Tuarastail, Pá agus Liúntais agus i ndáil le Costais Oifige, tá siad glan ar asbhaintí a bhaineann le pinsin agus ar Leithreasáí-i-gCabhair faoi seach.

Cairt 4.1.1: Caiteachas Oifige

	2021	%	2020	%	2019	%
	€		€		€	
Tuarastail, Pá & Liúntais	16,294,740	37%	15,363,236	36%	14,502,533	34%
Costais Oifige	2,367,390	5%	3,085,423	7%	2,541,688	6%
Seirbhís na nAturnaetha Stáit	7,748,897	17%	7,183,237	16%	7,235,623	17%
Táillí Abhcóide	17,143,233	39%	15,785,139	36%	16,813,805	40%
Costais Ghinearálta Dlí	917,865	2%	2,129,895	5%	1,101,542	3%
IOMLÁN	44,472,125		43,546,930		42,195,191	



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021


I gCairteacha 4.1.2 & 4.1.3 taispeántar miondealú ar chaiteachas ar tháillí a íocadh le habhcóidí sna cúirteanna coiriúla éagsúla agus ar chaiteachas de réir réigiún i leith na Cúirte Cuarda Coiriúla.

Clúdaíonn na táillí a íoctar le habhcóidí sa Chúirt Chuarda Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil & sa Chúirt Speisialta Choiriúil comhairle a thabhairt maidir le cruthúnais, díotálacha a dhréachtú, seisiúin chomhairle a sheoladh, díotchúiseamh, an cás a chur i láthair na cúirte agus láithris riachtanacha eile e.g. nuair atá pianbhreitheanna á ngearradh.

Is iad seo a leanas na príomhnithe a chlúdaítear sa chaiteachas ar tháillí san Ard-Chúirt: iarratais ar bhannaí agus an obair ullmhúcháin agus éisteachtaí a bhaineann hathbhreithnithe breithiúnacha.


CAIRT 4.1.2: Táillí Abhcóide a Íocadh arna Lua de Réir na Cúirte

	2021	%	2020	%	2019	%
	€		€		€	
An Chúirt Chuarda	7,975,532	47%	6,965,910	44%	7,856,391	47%
An Phríomh-Chúirt Choiriúil	5,138,133	30%	5,342,675	34%	5,450,788	32%
An Ard-Chúirt	1,720,376	10%	1,395,123	9%	1,107,779	7%
An Chúirt Uachtarach	314,153	2%	385,486	2%	347,348	2%
An Chúirt Achomhairc	1,031,091	6%	1,128,720	7%	1,067,999	6%
An Chúirt Choiriúil Speisialta	941,449	5%	538,282	3%	907,921	5%
An Chúirt Dúiche	22,499	0%	28,942	0%	75,579	1%
IOMLÁN	17,143,233		15,785,138		16,813,805	



CAIRT 4.1.3: Táillí Abhcóide a Íocadh arna Lua de Réir na Cuarda

	2021	%	2020	%	2019	%
	€		€		€	
Cuaird Bhaile Átha Cliath	3,961,483	50%	3,484,297	50%	3,735,269	48%
Cuaird Chorcaí	537,262	7%	481,390	7%	666,619	8%
Cuaird an Oirthir	818,568	10%	794,341	11%	787,540	10%
Cuaird Lár Tíre	496,404	6%	435,859	6%	388,627	5%
Cuaird an Tuaiscirt	280,688	3%	238,415	3%	311,009	4%
Cuaird an Oirdheiscirt	926,432	12%	714,463	10%	1,008,665	13%
Cuaird an Iardheiscirt	624,217	8%	605,338	9%	555,688	7%
Cuaird an Iarthair	330,478	4%	211,807	3%	402,974	5%
IOMLÁN	7,975,532	100%	6,965,910	99%	7,856,391	100%



4.2 Sliocht as an gCuntas

Leithreasa 2020

Cuntas ar an tsuim a caitheadh i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2020, arna cur i gcomórtas leis an tsuim a deonaíodh, agus ar an tsuim sa bhreis air sin is féidir a chur i leith leithreasaí i gcabhair, i ndáil le tuarastail agus costais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

	Soláthars na Eastacháin	2020 Toradh	2019 Toradh
	€'000	€'000	€'000
CAITEACHAS CLÁIR			
A. Seirbhís Ionchúisimh a Sholáthar	44,813	44,248	43,090
Ollchaiteachas	44,813	44,248	43,090
<i>Lúide</i>			
B. Leithreasaithe-i-gCabhair	845	701	895
Glanchaiteachas	€43,968	€43,547	€42,195
An Barrachas atá le Géilleadh			
Dlitear barrachas an méid a soláthraíodh i gcomparáid leis an nglanmhéid a úsáideadh a thabhairt don Státchiste			
		2020	2019
An Barrachas atá le Géilleadh		€421,070	€613,809

4.3 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Na Rialacháin maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002

FEIDHMIÚ AN ACHTA I RITH N TRÉIMHSE ÓN 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2021

4.3.1 Déanann Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí íocaíochtaí le soláthraithe tar éis na hearraí nó na seirbhísí a bhíonn i gceist a chur ar fáil go sásúil agus tráth nach déanaí ná 30 lá ón am a gcuireann an soláthraí sonrasc faoi bhráid. Maidir le táillí abhcóidí, cé nach gcruthaítear sonraisc, tá de nós ag an Oifig táillí abhcóide a íoc tráth nach déanaí ná 30 lá ó thagann foirm tuairisce cáis i ndáil le haon chás ar bith.

4.3.2 I rith na tréimhse faoi chaibidil, rinne an Oifig ceithre íocaíocht dhéanacha de bhreis ar €317.50. Ba é luach iomlán na n-íocaíochtaí seo ná €2,461. B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha i rith na bliana ar fad agus €2,461 as luach iomlán íocaíochtaí de €2.674 milliún agus b'ionann an t-ús ina leith sin agus €177.24.

RÁITEAS AN OIFIGH CHUNTASAÍOCHTA

4.3.3 Tá Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cheann de na heagraíochtaí sin a thagann faoi réir théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus na Rialachán maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002. Tháinig an tAcht i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998 agus chloígh an Oifig le téarmaí an Achta ón am sin i leith.

4.3.4 Cuirtear stampa ar an bhfuil dáta an lae sin le gach sonrasc an tráth a dtagann sé. Ceadáítear na sonraisc agus cuirtear ar aghaidh iad lena n-íoc in am tráth ionas go gcinntítear go ndéantar an íocaíocht le linn na

tréimhse iomchuí. Nuair a bhíonn na sonraisc á n-íoc déantar an dáta ar tháinig siad isteach agus an dáta íocaíochta a chur i gcomparáid le chéile agus sa chás go bhfuil an teorainn ama iomchuí á sárú, cruthaítear íocaíocht úis leis an mbeart céanna. Sna cásanna sin ina mbíonn íocaíocht úis dlite, tugtar an t-ábhar sin ar aird an lucht bainistíochta ionas gur féidir aon bheart ceartúcháin is gá a dhéanamh.

4.3.5 Dearbhú réasúnach amháin, agus ní dearbhú glan iomlán, in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta is féidir a chur ar fáil leis na nósanna imeachta atá curtha ar bun.

Elizabeth Howlin

An tOifigeach Cuntasaíochta
Aibreán 2022

4.4 Saoráil Faisnéise

- 4.4.1** Leis an Acht um Shaoráil Faisnéise (SF) 2014 maítear ceart na mball den phobal chun rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil, lena n-áirítear faisnéis phearsanta, a mhéid is comhsheasmhach le leas an phobail agus an ceart chun príobháideacht daoine aonair.
- 4.4.2** In Alt 42(f) d'Acht 2014 soláthraítear ceart chun rochtana amháin i ndáil le taifid a bhaineann le riarachán ginearálta Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Ciallaíonn sé sin go bunúsach nach féidir taifid ina bhfuil comhaid um ionchúiseamh coiriúil a rochtain faoi Acht SF.
- 4.4.3** Leanann an Oifig le faisnéis SF a chur ar fáil a éasca is féidir. Tá ár Scéim Foilseachán um Shaoráil Faisnéise ar fáil ar ár suíomh gréasáin, www.dppireland.ie. San Fhoilseachán seo tugtar breac-chuntas ar gnó na hOifige lena n-áirítear na cineálacha taifead a choinnítear.
- 4.4.4** Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Aonad SF ar an nguthán ag (01) 858 8500 nó ar ríomhphost chuig foi@dppireland.ie. Is féidir an seoladh ríomhphoist seo a úsáid chun iarratas um Shaoráil Faisnéise a chur isteach, ach ní féidir é a úsáid nuair a bheidh athbhreithniú inmheánach á iarraidh i gcás go dteastaíonn táille iarratais.
- 4.4.5** Le linn 2021 cuireadh 42 iarratas ar an iomlán faoi bhráid na hOifige. Deonaíodh 16 n-iarratas déag go hiomlán/i bpáirt, diúltaíodh 25 iarratas agus déileáladh le ceann amháin lasmuigh de SF. Ba é an phríomhchúis le diúltú nár bhain na taifid a bhí á lorg le riarachán ginearálta na hOifige.
- 4.4.6** Ba iad iriseoirí a chuir 14 de na hiarratais isteach, chuir gnóthaí/grúpaí leasa ceann amháin díobh isteach, agus rinne an pobal i gcoitinne an 27 iarratas eile.

- 4.4.7** Sna 25 chás ar diúltaíodh le hiarratais, lorg triúir de na hiarratasóirí athbhreithniú inmheánach ar an mbunchinneadh agus níor lorg duine ar bith achomharc chun an Choimisinéir Faisnéise le haghaidh athbhreithnithe. Seasadh leis na bunchinntí i ngach cás.

Iarratas a Fuarthas 2020

Iarratais a Ceadaíodh go hIomlán nó go Páirteach	16
Iarratais a Diúltaíodh	25
Tarraingthe siar / Déileáladh leo taobh amuigh de Shaoráil Faisnéise	1
IOMLÁN NA NIARRATAS	42

Lucht Iarratais 2020

Iriseoirí	14
Daoine den Phobal	27
Grúpaí Gnó/Leasa	1

Cásanna Athbhreithnithe 2019

Iarratas ar Athbhreithniú Inmheánach	3
Iarratas ar Athbhreithniú leis an gCoimisinéir Faisnéise	0

4.5 Dualgas um Chomhionannais & Cearta Daonna na hEarnála Poiblí

Dualgas um Chomhionannais agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm in Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí

- 4.5.1** Bunaítear le hAlt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 dualgas ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne agus na ndaoine a gcuirtear seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint. Ceanglaíonn an tAcht ar chomhlachtaí poiblí dul chun cinn maidir le comhionannas agus cearta daonna a mheasúnú, aghaidh a thabhairt air agus tuairisciú a dhéanamh air, ar bhealach atá inrochtana don phobal.
- 4.5.2** Sonraíonn ráitis straitéise Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí conas a leanfaimid le béim a chur ar chomhionannas agus cearta daonna agus iad a chur chun cinn trínár gcuid oibre ó lá go lá, an tseirbhís ionchúisimh a sheachadadh ar bhealach éifeachtach agus cothrom, le hionracas agus le meas ar dháinít an duine. Cinntímid freisin go leagtar béim ar na dualgais seo dár bhfoireann.
- 4.5.3** Úsáideann Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí na príomhbhealaí seo a leanas chun aghaidh a thabhairt ar ár ndualgais maidir le Dualgas Earnála Poiblí:
- Leagann na **Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí, a ionchorpraíonn Cód Eitice**, amach caighdeáin chearta an duine agus comhionannais a bhfuil an Stiúirthóir ag súil go gcomhlíonfaidh gach ionchúisitheoir agus iad ag comhlíonadh a bhfeidhmeanna maidir le híospartaigh agus iad siúd a bhfuil amhras fúthu nó atá cúisithe i

gcionta coiriúla. Coimeádtar na Treoirlínte agus an Cód Eitice faoi athbhreithniú leanúnach.

- Tugann ár mbeartais **AD & OD** éifeacht do na saincheistanna cearta daonna agus comhionannais a bhaineann le foireann na hOifige. Coinnímid na beartais seo faoi athbhreithniú lena chinntiú go gcomhlíonann siad na caighdeáin chearta daonna agus comhionannais is cuí. Mar chuid dá gcuid oibre comhionannais, cinntíonn an tAonad go bhfuil na riachtanais le haghaidh róil ina bhfeachtais earcaíochta cuimsitheach agus go bhfuil na tacaíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas ar mian leo iarratas a dhéanamh ar róil den sórt sin leagtha amach go soiléir.
- Breathnaítear ar ár nOifigeach **Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas (DLO)** san Oifig a bheith tábhachtach chun saincheistanna a thabhairt chun cinn don fhoireann faoi mhíchumas. Cinnteoidh an DLO go bhfuil an timpeallacht oibre ina bhfuil comhghleacaithe faoi mhíchumas fostaithe ag tacú lena riachtanais ar leith agus ina n-aithnítear iad. Cabhróidh an DLO freisin le baill foirne nua a shannadh, agus sainriachtanais a shainaithint (m.sh. teicneolaíocht chúnta) na foirne roimh a sannadh, aistriú nó ardú céime. Déanfaidh an DLO monatóireacht ar staitisticí na hOifige maidir leis an sprioc 3% maidir le fostú daoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí.
- Beartas na Státseirbhíse 'Dínit ag an Obair: Tá Beartas Frithbhulaíochta, Ciapadh agus Ciapadh Gnéis do Státseirbhís na hÉireann', arna fhorbairt i gcomhpháirtíocht idir bainistíocht na Státseirbhíse agus ceardchumainn

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

foirne, i bhfeidhm san Oifig. Mar chuid den Bheartas seo, is í Seirbhís Chúnaimh Fostaithe na Státseirbhíse a sholáthraíonn ról an Duine Teagmhála de ghnáth. Is duine aonair é Duine Teagmhála ar féidir leis faisnéis ghinearálta a sholáthar maidir leis an mBeartas um Dhínit ag an Obair, agus ábhair eile a bhaineann le bulaíocht, ciapadh agus gnéaschiapadh.

- Tá ár **nOifigeach Rochtana** freagrach as rochtain chomhionann ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí a sholáthraíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a chinntiú. Áiríonn sé seo a chinntiú go bhfuil ár suíomh Gréasáin inrochtana don lucht féachana is leithne agus is féidir, lena n-áirítear daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas a d'fhéadfadh a bheith ag baint úsáide as teicneolaíocht chúnta. Chuige sin, coinnítear ár suíomh gréasáin faoi athbhreithniú leanúnach maidir le hinrochtaineacht de réir na dTreoirlínte um Inrochtaineacht Ábhar Gréasáin. Coinníonn an Oifig sraith leabhráin faisnéise scríofa i dteanga shimplí arna fhaomhadh ag an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh, atá ar fáil d'íospartaigh na coireachta agus don phobal i gcoitinne. Coimeádtar na leabhráin seo faoi athbhreithniú agus nuashonraítear iad de réir mar is gá. Tá foilseacháin eile i dteanga shimplí á bhforbairt.
- Tá ár nAonad AD & OD réamhghníomhach maidir le raon leathan deiseanna **Foghlama agus Forbartha** a sholáthar don fhoireann ar fad. Mar chuiddár oiliúint agallóra do chomhaltaí boird agallaimh, clúdaítear modúl ar chlaonadh neamhfhirosach. Bhain seisear fostaithe déag leas as an oiliúint seo in 2021. D'fhreastail an DLO freisin ar Sheisiún Feasachta Míchumais aon lae mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach bhliantúil.

4.6 Tuarascáil Bhliantiúil faoi Éifeachtúlacht Fuinnimh 2021

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2021

4.6.1 In 2021, d'ídigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 1,125.62 MWh d'fhuinneamh.

Baineann iomlán an fhuinnimh a ídíodh le téamh spáis, aerchóiriú, uisce te, soilsiú, córais ríomhaireachta agus trealamh oifige eile ag ár bhfoirgnimh oifige i mBóthar na hOtharlainne.

Tá an figiúr sin curtha le chéile mar a leanas:

- 408.14 MWh de Leictreachas
- 717.48 MWh de Ghás Nádúrtha

Cé gur coinníodh bearta bainistíochta fuinnimh, tháinig méadú ar ídiú fuinnimh thar 2020, arbh ionann é agus 10.9%. Is féidir é seo a chur síos don chuid is mó ar roinnt fachtóirí lena n-áirítear:

- méadú ar líon na mball foirne san oifig
- trealamh TF breise a theastaíonn chun córais TF oifige a chothabháil
- éifeacht bhliain iomlán na húsáide méadaithe fuinnimh a bhaineann le cianrochtain na foirne ar chórais TF oifige mar is gá
- éifeacht bliana iomlán an mhéadaithe ar an raon uaireanta oscailte oifige chun socrúithe oibre níos sábháilte a bhaineann le bearta coiscithe COVID 19 san ionad oibre a éascú, fad is a lean an oifig ar aghaidh ag cur seirbhís riachtanach ar fáil
- méadú ar sheirbhísí foirgníochta (m.sh. glanadh, sláintíocht) a bhaineann le COVID 19 a chosc san ionad oibre

Gníomhaíochtaí a Rinneadh in 2021

4.6.2 Le linn 2021, leanadh le monatóireacht ar éifeachtúlacht fuinnimh i gcomhar le comhairleoirí seachtracha agus conraitheoirí cothabhála. Os rud é gur cuireadh moill ar thograí tógála nó gur cuireadh ar athló iad de bharr srianta COVID 19, níor réadaíodh coigilteas breise tionscadalbhunaithe nua ar bith. Áirítear iad seo a leanas ar na gníomhaíochtaí a rinneadh in 2021:

- Leanadh le monatóireacht a dhéanamh ar chórais bhainistíochta fuinnimh reatha agus múchadh coirí gáis ar feadh tréimhsí fada ama i gcaitheamh an tsamhraidh.
- Rinneadh córais coirí úra a chothabháil agus baineadh úsáid as rialuithe córais téimh úra chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal an ídithe fuinnimh agus iad a bheachtú.
- Baineadh úsáid as an gCóras Bainistíochta Foirgneamh de chuid Oifig na nOibre Poiblí chun aonrú foirgneamh ar an láithreán a éascú chun éifeachtúlacht i mbainistíocht fuinnimh a mhéadú in aghaidh an fhoirgnimh de réir mar a bhí gá léi.

Gníomhaíochtaí atá Beartaithe le hAghaidh 2022

4.6.3 Áirítear iad seo a leanas ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe le haghaidh 2022:

- Leanúint le huasmhéadú ar úsáid an Chórais Bhainistíochta Foirgneamh chun coigilteas incriminteach in ídiú fuinnimh a shainaithint agus a bhaint amach.
- Beartas sonracha spárála fuinnimh a iniúchadh agus iad a chuimsiú i ngach tionscadal foirgníochta amach anseo.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

- Bearta um insliú a cuireadh ar aghaidh ó 2021 a chur chun cinn agus tograí úra a fhorbairt le haghaidh insliú spriocdhírthe d'fhoirgneamh na príomhoifige.
- Leanúint le feachtas feasachta ag baint úsáid as comharthaíocht agus póstaeir
- Moltaí a fhorbairt le haghaidh laghdú breise ar úsáid fuinnimh ag eascairt as athbhreithniú ar thuarascáil Iniúchta Fuinnimh arna urrú ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar na foirgnimh ar an láithreán.

4.7 Acht na dTeangacha Oifigiúla

4.7.1 Dhearbhaigh an tAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta 4ú Scéim na Gaeilge i mí na Bealtaine 2018. Achtaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 an 22 Nollaig 2021. Ceann de phríomhfhorálacha an Achta seo is ea caighdeán teanga a thabhairt isteach do chomhlachtaí poiblí, le cur in ionad chóras reatha na scéimeanna teanga. Tá sé i gceist go gcuirfidh caighdeán teanga dá leithéid ar chumas comhlachtaí poiblí a dhéanann idirghníomhú níos mó leis an bpobal chun caighdeán níos airde a bhaint amach. Go dtí go dtabharfar na caighdeán teanga seo isteach, fanfaidh an 4ú Scéim Ghaeilge d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i bhfeidhm.

4.7.2 Le linn 2021 ní raibh riachtanas ar bith ag an Oifig déileáil le cásanna cúirte ar bith i nGaeilge. Dhéileáil ball dár bpainéal Gaeilgeoirí le seacht hiarratas ar dhoiciméad a aistriú go Gaeilge.

4.7.3 Sholáthair an Oifig foilseachán amháin le linn 2021:

- i) Tuarascáil Bhliantúil 2020
- ii) An Córas Ionchúisimh in Éirinn
- iii) Cairt Seirbhís ar Ardchaighdeán 2021-2023
- iv) Ardchaighdeán Seirbhíse ar Gníomhaíochta Plean 2021-2023

Foilsíodh na foilseacháin ar fad sa dá theanga.

4.7.4 Déantar suíomh gréasáin na hOifige, www.dppireland.ie a choimeád agus a nuashonrú i bhformáid dhátheangach. Déanann aistritheoirí seachtracha nuashonruithe ar an leagan Gaeilge den suíomh gréasáin a aistriú. Foilsítear na hathruithe ansin ag an am céanna ar na leaganacha Gaeilge agus Béarla den suíomh gréasáin. Le linn 2021, b'ionann líon iomlán na radharc ar an leagan Gaeilge den suíomh gréasáin agus 1,865. Is ionann é sin agus 0.99% de gach radharc leathanaigh

(188,808). Seachas an leathanach baile Gaeilge, is iad seo a leanas na leathanaigh Ghaeilge ba mhó ar tugadh cuairt orthu:

- Na Folúntais is Deireanaí
- Acht na dTeangacha Oifigiúla
- Comhlíonadh

4.7.5 Leanann ár nAonad Oiliúna le cúrsaí oiliúna Gaeilge a chur chun cinn lena chinntiú gur féidir leis an Oifig a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Le linn 2021, rinne comhghleacaithe sé chúrsa Gaeilge i mbliana.

Oifig an **Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí**
Office of the **Director of Public Prosecutions**

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Bóthar na hOtharlainne
Baile Átha Cliath 7
D07 FHN8

 +353 1 858 8500

 +353 1 642 7406

 www.dppireland.ie